## Parlaimint na hEorpa

2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2025)0306

# Ceanglais chomhchuibhithe sa mhargadh inmheánach maidir le trédhearcacht na hionadaíochta leasa tríú tíortha

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 27 Samhain 2025 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ceanglais chomhchuibhithe sa mhargadh inmheánach maidir le trédhearcacht na hionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2023)0637 – C9-0464/2023 – 2023/0463(COD))**[1]

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0208/2025).

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá soláthar ionadaíochta leasa san Aontas ina ghníomhaíocht atá ag fás agus a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi atá ag éirí níos mó i gcónaí. Nuair a dhéantar iad leis an leibhéal trédhearcachta is gá, trí ghníomhaíochtaí den sórt sin, is féidir taithí agus tuairimí a roinnt faoi fhadhbanna agus faoi réitigh, rud a thacaíonn le cinnteoirí poiblí roghanna agus comhbhabhtálacha cineálacha cur chuige éagsúla a thuiscint. | (1) Tá soláthar ionadaíochta leasa san Aontas ina ghníomhaíocht atá ag fás agus a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi atá ag éirí níos mó i gcónaí. Nuair a dhéantar na gníomhaíochtaí sin leis an leibhéal trédhearcachta is gá, trí ghníomhaíochtaí den sórt sin, is féidir taithí agus tuairimí a roinnt maidir le fadhbanna agus réitigh a bhaineann le hábhair a ndéanann beartas, dlí nó próiseas cinnteoireachta poiblí difear dóibh. D’fhéadfadh an malartú sin a bheith ina acmhainn ríthábhachtach é an malartú sin do chinnteoirí poiblí, rud a chuirfeadh ar a gcumas na roghanna agus na comhbhabhtálacha a bhaineann le cineálacha éagsúla cur chuige a thuiscint. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ní hamháin go ndéantar ionadaíocht leasa thar ceann páirtithe leasmhara intíre ach tá sí á déanamh níos mó agus níos mó ag tríú tíortha freisin. Is féidir le smaointe ó thríú tíortha rannchuidiú go dearfach leis an díospóireacht phoiblí agus tá fáilte rompu mar chuid den | (2) Ní hamháin go ndéantar ionadaíocht leasa thar ceann páirtithe leasmhara intíre ach tá sí á déanamh níos mó agus níos mó ag tríú tíortha freisin. Is féidir le smaointe ó thríú tíortha rannchuidiú go dearfach leis an díospóireacht phoiblí agus tá fáilte rompu mar chuid den |

| | |
|---|---|
| rannpháirtíocht idirnáisiúnta. ***Mar sin féin, ní furasta i gcónaí d'oifigigh phoiblí ná do dhaoine aonair rannpháirtíocht tríú tíortha i ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa i gcomhthéacs a bpróiseas cinnteoireachta a aithint, ná tuiscint a fháil ar mhéid na gníomhaíochtaí sin, agus ar na treochtaí agus na gníomhaithe taobh thiar díobh.*** Is é brí ba cheart a bhaint as 'tríú tíortha' tíortha nach baill den Aontas ná den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad. | rannpháirtíocht idirnáisiúnta. Is é brí ba cheart a bhaint as 'tríú tíortha' tíortha nach baill den Aontas ná den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) A mhéid a sholáthraítear é de ghnáth de réir luach saothair, is é is ionadaíocht leasa ann, lena n-áirítear ionadaíocht leasa a chuirtear ar fáil do thríú tíortha, seirbhís de réir bhrí Airteagal 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'). Áirítear leis an margadh le haghaidh ionadaíocht leasa freisin gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéanann eintitis tríú tír iad féin ar bhealach atá inchomparáide le seirbhísí agus a bhaineann le gníomhaíochtaí de chineál eacnamaíoch nó gníomhaíochtaí ionaid de chineál eacnamaíoch. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a láimhseáil ar an mbealach céanna agus a láimhseáiltear seirbhísí ionadaíochta leasa. | (3) A mhéid a sholáthraítear é de ghnáth de réir luach saothair, is é is ionadaíocht leasa ann seirbhís de réir bhrí Airteagal 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'). Áirítear leis an margadh le haghaidh ionadaíocht leasa freisin gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéanann eintitis tríú tír iad féin ar bhealach atá inchomparáide le seirbhísí agus a bhaineann le gníomhaíochtaí de chineál eacnamaíoch nó gníomhaíochtaí ionaid de chineál eacnamaíoch. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a láimhseáil ar an mbealach céanna agus a láimhseáiltear seirbhísí ionadaíochta leasa. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Tá an-difríocht idir bearta na mBallstát lena rialaítear trédhearcacht na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa, go háirithe maidir leis na ceanglais maidir le taifid a choinneáil agus maidir le clárú, ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le heintitis a dhéanann ionadaíocht leasa. Tá cláir shainordaitheacha bunaithe ag roinnt Ballstát arb é is aidhm dóibh go sonrach trédhearcacht a áirithiú. Tá cláir dheonacha bunaithe ag Ballstáit eile, ach níl aon chlár ionadaíochta leasa ag roinnt Ballstát. Tá éagsúlachtaí suntasacha ann freisin maidir le gráinneacht na faisnéise a sholáthraítear chun críoch trédhearcachta, lena n-áirítear an cineál faisnéise a theastaíonn, mar shampla faoi na leasanna a léirítear nó faoin gcliant. I roinnt Ballstát, ní mór faisnéis faoi ionadaíocht leasa a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta ach, i mBallstáit eile, ní mór an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta gach uair a dhéanfar athrú ar raon feidhme na gníomhaíochta ionadaíochta leasa a dhéantar. | (5) Tá bearta na mBallstát lena rialaítear trédhearcacht na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa difriúil óna chéile, go háirithe i dtaobh na gceanglas maidir le taifid a choinneáil agus maidir le clárú a bhfuil feidhm acu maidir le heintitis a dhéanann ionadaíocht leasa. Tá cláir shainordaitheacha bunaithe ag roinnt Ballstát arb é is aidhm dóibh go sonrach trédhearcacht a áirithiú. Tá cláir dheonacha bunaithe ag Ballstáit eile, ach níl aon chlár ionadaíochta leasa ag roinnt Ballstát. Tá éagsúlachtaí suntasacha ann freisin maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear chun críoch trédhearcachta, lena n-áirítear an cineál faisnéise a theastaíonn, mar shampla faoi na leasanna a léirítear nó faoin gcliant. I roinnt Ballstát, ní mór faisnéis faoi ionadaíocht leasa a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta ach, i mBallstáit eile, ní mór an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta gach uair a dhéanfar athrú ar raon feidhme na gníomhaíochta ionadaíochta leasa a dhéantar. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ***Le difríochtaí den sórt*** sin, ***cruthaítear*** éagothroime iomaíochta agus ***méadaítear*** costais chomhlíontachta d’eintitis ***ar mian leo*** gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéanamh i níos mó ná Ballstát amháin, rud a ***d’fhéadfadh*** forbairt agus soláthar gníomhaíochtaí nua ionadaíochta leasa sa mhargadh inmheánach ***a dhíspreagadh. Is dócha go lorgóidh tríú tíortha ionadaíocht leasa i níos mó ná Ballstát amháin chun beartas dearfach foriomlán ina bhfabhar a áirithiú ar fud an Aontais***. Bíonn tionchar diúltach ag coinníollacha ***dá leithéid*** sin ar oibreoirí eacnamaíocha agus is bacainní iad ar sholáthar ionadaíochta leasa trasteorann laistigh den mhargadh inmheánach. Leis an éagothroime iomaíochta sin, treoraítear gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa trasteorann ar shiúl ó Bhallstáit níos rialáilte i dtreo cinn nach bhfuil chomh rialáilte céanna nó i gcás ina bhfuil an forfheidhmiú teoranta. Le harbatráiste rialála den sórt sin, tugtar deis freisin do ghníomhaithe tríú tír a bhféachann le ceanglais trédhearcachta a sheachaint. | (6) ***Fiú má tá an sprioc choiteann ag na bearta*** sin ***trédhearcacht a fheabhsú agus cuntasacht dhaonlathach a áirithiú***, ***cruthaíonn leo*** éagothroime iomaíochta agus ***méadaíonn siad*** costais chomhlíontachta d’eintitis ***atá ag iarraidh*** gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéanamh i níos mó ná Ballstát amháin, rud a ***dhíspreagann*** forbairt agus soláthar gníomhaíochtaí nua ionadaíochta leasa sa mhargadh inmheánach. Bíonn tionchar diúltach ag coinníollacha den sórt sin ar oibreoirí eacnamaíocha agus is bacainní iad ar sholáthar ionadaíochta leasa trasteorann laistigh den mhargadh inmheánach, go háirithe thar ceann tríú tíortha, ar dócha go lorgóidh siad ionadaíocht leasa i níos mó ná Ballstát amháin. Leis an éagothroime iomaíochta sin, treoraítear gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa trasteorann ar shiúl ó Bhallstáit níos rialáilte i dtreo cinn nach bhfuil chomh rialáilte céanna, rud a fhágann go mbíonn siopadóireacht ionaid ann. ***Tugtar dúshlán ar leith do sholáthraithe seirbhíse beaga leis na hualaí a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar rialacha éagsúla a leagtar amach le rialacháin éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, agus dá bhrí sin, bíonn tionchar ar leith ag an éagothroime iomaíochta sin orthu.*** Le harbatráiste rialála den sórt sin, tugtar deis freisin do ghníomhaithe tríú tír a bhféachann le ceanglais trédhearcachta a sheachaint. ***Tá*** |

| | |
|---|---|
| | ***sé riachtanach, dá bhrí sin, na rialacha lena rialaítear an margadh aonair d’earnáil na hionadaíochta leasa a chuíchóiriú, go háirithe chun deireadh a chur le bacainní nach bhfuil údar leo agus chun cothrom iomaíochta a chruthú san Aontas, ar mhaithe le saoránaigh agus eintitis a urramaíonn na rialacha.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) I gcomhthéacs feasacht mhéadaithe ar iarrachtaí tríú tíortha áirithe tionchar a imirt ar phróisis dhaonlathacha san Aontas, is dócha go bhforbróidh roinnt Ballstát rialacha nua chun trédhearcacht an tionchair eachtraigh a dhéantar trí ionadaíocht leasa a áirithiú. Dá bhrí sin, is dócha go dtiocfaidh méadú ar na bacainní ar sholáthar seirbhísí den sórt sin i níos mó ná Ballstát amháin arna gcruthú trí ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha. | (7) I gcomhthéacs feasacht mhéadaithe ar iarrachtaí tríú tíortha áirithe tionchar a imirt ar phróisis dhaonlathacha san Aontas, is dócha go bhforbróidh roinnt Ballstát rialacha nua chun trédhearcacht na hionadaíochta leasa a áirithiú. Dá bhrí sin, is dócha go dtiocfaidh méadú ar na bacainní ar sholáthar seirbhísí den sórt sin i níos mó ná Ballstát amháin arna gcruthú trí ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Mar gheall ar na difríochtaí náisiúnta atá ann cheana sna bearta lena rialaítear trédhearcacht ionadaíochta leasa, lena ndéantar difear go háirithe d’ionadaíocht leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha, agus an comhthéacs reatha maidir le feasacht mhéadaithe ar na rioscaí a bhaineann le cur isteach eachtrach i bpróisis dhaonlathacha, cuirtear i dtábhacht an gá le gníomhú ar leibhéal an Aontais chun soláthar seirbhísí ionadaíochta leasa a rialáil agus chun dul i mbun gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha ar fud an Aontais, agus ardleibhéal trédhearcachta gníomhaíochtaí den sórt sin á áirithiú. | (8) Mar gheall ar na difríochtaí atá ann cheana idir bearta náisiúnta lena rialaítear trédhearcacht na hionadaíochta leasa, a dhéanann difear go háirithe d’ionadaíocht leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha, agus an comhthéacs reatha maidir le feasacht mhéadaithe ar na rioscaí a bhaineann le cur isteach i bpróisis dhaonlathacha, cuirtear i dtábhacht an gá le gníomhú ar leibhéal an Aontais chun soláthar seirbhísí ionadaíochta leasa a rialáil agus chun dul i mbun gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha ar fud an Aontais, agus ardleibhéal trédhearcachta gníomhaíochtaí den sórt sin á áirithiú. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(9) Chun staid a sheachaint ina bhféachadh na Ballstáit le haghaidh a thabhairt go haontaobhach ar a n-ábhair imní maidir le trédhearcacht an tionchair eachtraigh a dhéantar trí ionadaíocht leasa agus chun cosc a chur ar theacht chun cinn bacainní breise ar sholáthar gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa trasteorann a dhéantar thar ceann tríú tíortha mar*** | ***scriosta*** |

***thoradh ar fhorbairt éagsúil agus neamhréireach ar dhlíthe náisiúnta, is gá foráil a dhéanamh maidir le bearta comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Trí cheanglais trédhearcachta comhchuibhithe is infheidhme ar fud an mhargaidh inmheánaigh a sholáthar, is é is aidhm don Treoir seo creat comhleanúnach agus córasach a bhunú chun trédhearcacht a áirithiú maidir le gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha d’fhonn tionchar a imirt ar fhorbairt, ar cheapadh nó ar chur chun feidhme beartais nó reachtaíochta nó ar phróisis chinnteoireachta poiblí san Aontas. | (10) Trí íoscheanglais trédhearcachta comhchuibhithe is infheidhme ar fud an mhargaidh inmheánaigh a sholáthar, is é is aidhm don Treoir seo creat comhleanúnach a bhunú chun trédhearcacht a áirithiú maidir le gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha d’fhonn tionchar a imirt ar fhorbairt, ar cheapadh nó ar chur chun feidhme beartais, reachtaíochta nó ar phróisis chinnteoireachta poiblí san Aontas. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Trí chomhchaighdeáin trédhearcachta agus chuntasachta agus comhchaighdeáin tuairiscithe a sholáthar, tacaítear freisin le cuntasacht dhaonlathach agus le heolas coiteann níos fearr ar ghníomhaíochtaí ionadaíochta | (11) Trí chomhchaighdeáin trédhearcachta agus chuntasachta agus comhchaighdeáin tuairiscithe a sholáthar, tugtar aghaidh freisin ar an ngá atá le sonraí iontaofa agus comhsheasmhacha, agus ar an mbealach sin tacaítear le |

leasa a dhéantar d’fhonn tionchar a imirt ar fhorbairt, ar cheapadh nó ar chur chun feidhme beartais nó reachtaíochta, nó ar phróisis chinnteoireachta phoiblí, san Aontas, lena dtugtar aghaidh ar an ngá le sonraí iontaofa agus comhsheasmhacha. Tá an gá le trédhearcacht gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha a áirithiú ina sprioc phoiblí dhlisteanach, i bhfianaise phrionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta nach mór saol daonlathach an Aontais a threorú leo i gcomhréir leis an dara mír d’Airteagal 1 agus Airteagal 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’), i gcomhréir leis na luachanna a chomhroinneann an tAontas agus a Bhallstáit de bhun Airteagal 2 CAE, agus tacú le feidhmiú chearta saoránachta freisin.

cuntasacht dhaonlathach agus le heolas coiteann níos fearr ar ghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa. Tá an gá le trédhearcacht gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha a áirithiú ina sprioc phoiblí dhlisteanach, i bhfianaise phrionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta nach mór saol daonlathach an Aontais a threorú leo i gcomhréir leis an dara mír d’Airteagal 1 agus Airteagal 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’), i gcomhréir leis na luachanna a chomhroinneann an tAontas agus a Bhallstáit de bhun Airteagal 2 CAE, agus tacú le feidhmiú chearta saoránachta freisin.

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a)Rachadh bearta comhréireacha agus spriocdhírithe lena bhféachtar le timpeallacht dhlíthiúil chomhchuibhithe, thrédhearcach agus níos intuartha a áirithiú le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha chun tairbhe na n-eintiteas lena mbaineann, na gcinnteoirí agus na saoránach. Chuige sin, ba cheart coimircí láidre a chur i bhfeidhm chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***tionchair dhiúltacha a d'fhéadfaí a imirt ar na heintitis lena mbaineann a chosc, agus lánurraim do chearta bunúsacha agus do phrionsabail dhaonlathacha agus do luachanna daonlathacha á háirithiú ag an am céanna.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11b) Tá cur chuige difriúil glactha ag tíortha áirithe eile le cur chuige an Aontais, cur chuige atá cáinte go seasta ag an Aontas mar chur chuige atá díréireach, idirdhealaitheach agus gan údar. Is é atá i gceist leis an gcur chuige sin dlíthe a ghlacadh lena gcuirtear srian míchuí ar spás na sochaí sibhialta trí imeaglú agus stiogmatú a dhéanamh ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar iriseoirí agus ar chosantóirí chearta an duine agus iad ag iarraidh srian a chur lena ngníomhaíochtaí. Le lipéadú eagraíochtaí spriocdhírithe mar 'ghníomhaire eachtrach' faoi na dlíthe sin, féachtar leis an mbonn a bhaint dá gcobhsaíocht airgeadais agus dá n-inchreidteacht. I gcodarsnacht leis na 'dlíthe gníomhaire eachtraigh' den sórt sin, leis an Treoir seo ní thugtar lipéad diúltach do ghníomhaíochtaí eintiteas*** |

| | |
|---|---|
| | ***sonrach, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ná ní fhéachann sé leis an spás sibhialta a theorannú. Ina ionad sin, déantar foráil ann maidir le ceanglais trédhearcachta agus cuntasachta daonlathaí is infheidhme maidir le heintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha. Thairis sin, leis an Treoir seo, ní chuirtear toirmeasc ar aon chineál gníomhaíochta ná trédhearcacht cistiúcháin a éileamh nach bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis an Treoir seo eintitis a fhaigheann tacaíocht airgeadais ó Bhallstáit eile, ná ó eintitis tríú tír chun críoch nach mbaineann le hionadaíocht leasa de réir bhrí na Treorach seo.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11c)Tá na bearta a leagtar amach sa Treoir seo comhréireach agus teoranta don mhéid is gá chun trédhearcacht gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha a áirithiú. Dá bhrí sin, ní fhorchuirtear leo ceanglais ar eintitis toisc go bhfaigheann siad cistiú ón gcoigríoch agus*** |

*ar an gcúis sin amháin. I bhfianaise an ghá atá ann díriú ar thrédhearcacht mhéadaithe nuair a dhéanann eintitis gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha sa mhargadh inmheánach, leagtar amach sa Treoir seo oibleagáidí chun a áirithiú go gcuirfear na sonraí a chuirtear ar fáil go poiblí i láthair ar bhealach fíorasach agus neodrach agus go ngníomhóidh na húdaráis náisiúnta inniúla ar bhealach nach n-eascraíonn aon iarmhairt dhíobhálach, amhail stiogmatú, as an bhfíoras gur chláraigh eintiteas i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear leis an Treoir seo. Le forálacha na Treorach seo, comhlíontar go hiomlán na cearta bunúsacha agus urramaítear na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a urramú, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse comhthionóil agus comhlachais, an tsaoirse chun taighde eolaíoch, lena n-áirítear an tsaoirse acadúil, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus an tsaoirse fiontraíochta. Trí leibhéal comhchoiteann trédhearcachta a bhaint amach i ndáil le hionadaíocht leasa a dhéantar thar ceann tríú tír, neartaíonn na bearta a leagtar amach sa Treoir seo cearta daonlathacha na saoránach, mar a chumhdaítear sa Chairt.*

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa faoi cheilt a dhéantar thar ceann tríú tíortha, is féidir leo difear a dhéanamh d’fhorbairt, ceapadh nó cur chun feidhme bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais, lena n-áirítear maidir lena leasanna eacnamaíocha agus urrúis. Déanann sé sin difear, ar bhonn ginearálta, don daonlathas, rud ar luach coiteann de chuid an Aontais é, agus a bhfuil tábhacht bhunúsacha don Aontas agus dá Bhallstáit ag baint lena dhaingniú. Dá ndéanfaí foráil maidir le leibhéal comhchuibhithe trédhearcachta ar fud an Aontais maidir leis na gníomhaíochtaí sin, ba cheart go rannchuideodh sé sin le méadú ar mhuinín an phobail i bpróisis chinnteoireachta an Aontais agus na mBallstát. | (12) Gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa faoi cheilt a dhéantar thar ceann tríú tíortha, is féidir leo difear a dhéanamh d’fhorbairt, ceapadh nó cur chun feidhme bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais agus a Bhallstát, lena n-áirítear maidir lena leasanna eacnamaíocha agus urrúis. Déanann sé sin difear, ar bhonn ginearálta, don daonlathas, ar luach coiteann de chuid an Aontais é, agus a bhfuil tábhacht bhunúsach don Aontas agus dá Bhallstáit ag baint lena dhaingniú. Dá ndéanfaí foráil maidir le leibhéal comhchuibhithe trédhearcachta ar fud an Aontais maidir leis na gníomhaíochtaí sin, ba cheart go rannchuideodh sé sin le méadú ar mhuinín an phobail i bpróisis chinnteoireachta an Aontais agus na mBallstát. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(13) Cé gur ann do rialacha i dtríú tíortha áirithe maidir le hoscailteacht agus trédhearcacht gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa, ní chumhdaítear leis an rialacha sin gníomhaíochtaí a bhfuil sé*** | ***scriosta*** |

***d'aidhm acu tionchar a imirt ar fhorbairt, ar cheapadh nó ar chur chun feidhme beartais nó reachtaíochta, nó ar phróisis chinnteoireachta phoiblí, san Aontas. Dá bhrí sin, níl na rialacha sin leordhóthanach chun trédhearcacht na hionadaíochta leasa a fhéachann le tionchar a imirt ar chinnteoireacht san Aontas a áirithiú.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(14) Tá na bearta a leagtar amach sa Treoir seo comhréireach agus teoranta don mhéid is gá chun trédhearcacht sraithe sonraí gníomhaíochtaí a áirithiú, mar atá, gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha. Forchuirtear leo ceanglais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin, agus ní fhorchuirtear leo ceanglais ar eintitis toisc go bhfaigheann siad cistiú ón gcoigríoch, agus ar an gcúis sin amháin. Dírítear leis an Treoir seo ar thrédhearcacht mhéadaithe nuair a dhéanann eintitis gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha sa mhargadh inmheánach. Go sonrach, forchuirtear leis an Treoir seo oibleagáidí lena áirithiú go gcuirfear na sonraí a chuirtear ar fáil go poiblí i láthair ar bhealach fíorasach*** | ***scriosta*** |

***agus neodrach agus lena áirithiú go ngníomhóidh na húdaráis náisiúnta inniúla ar bhealach nach n-eascróidh aon iarmhairt dhíobhálach, amhail stiogmatú, díreach toisc go bhfuil eintiteas cláraithe i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Déantar foráil ann maidir le córas cuimsitheach coimircí, lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach éifeachtach chun comhréireacht na mbeart comhchuibhithe a áirithiú. Tá na bearta a leagtar amach sa Treoir seo i gcomhréir iomlán leis na cearta bunúsacha agus urramaíonn siad na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’), lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse comhthionóil agus comhlachais, an tsaoirse chun taighde eolaíoch, lena n-áirítear an tsaoirse acadúil, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus an tsaoirse fiontraíochta. Trí leibhéal comhchoiteann trédhearcachta a bhaint amach i ndáil le hionadaíocht leasa a dhéantar thar ceann tríú tír, neartaítear leis na bearta a leagtar amach sa Treoir seo cearta daonlathacha na saoránach dá dtagraítear sa Chairt.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a)Chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus chun sláine agus neamhchlaontacht fhorbairt, fhoirmliú agus chur chun feidhme beartas, dlí nó próiseas cinnteoireachta poiblí san Aontas a choimirciú tuilleadh, níor cheart do dhaoine aonair a bhfuil feidhmeanna poiblí ardleibhéil feidhmithe acu, lena n-áirítear oifig rialtais nó sainordú parlaiminteach a shealbhú, dul i mbun gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha sula mbeidh tréimhse mharana leordhóthanach agus iomchuí caite.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Níor cheart do cheanglais trédhearcachta chomhchuibhithe na Treorach seo difear a dhéanamh do rialacha náisiúnta maidir le gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa d'eintitis seachas eintitis tríú tír, ná níor cheart dóibh difear a dhéanamh d'ábhar substainteach na ngníomhaíochtaí sin ná do na rialacha substainteacha is infheidhme maidir le hoifigigh phoiblí nuair a idirghníomhaíonn siad le heintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta | (15) Níor cheart do cheanglais trédhearcachta chomhchuibhithe na Treorach seo difear a dhéanamh do rialacha náisiúnta maidir le gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa d'eintitis seachas eintitis tríú tír, ná níor cheart dóibh difear a dhéanamh d'ábhar substainteach na ngníomhaíochtaí sin ná do na rialacha substainteacha is infheidhme maidir le hoifigigh phoiblí nuair a idirghníomhaíonn siad le heintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta |

| | |
|---|---|
| leasa. ***Níor cheart dóibh difear a dhéanamh do na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí coiriúla ná dá mbrath, dá n-imscrúdú, dá maoirseacht ar ionchúiseamh agus dá smachtbhannaí mar a bhunaítear faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais, amhail na cinn a bhaineann le héilliú.*** | leasa. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun na ceanglais trédhearcachta a chomhchuibhiú, is gá foráil a dhéanamh maidir le sainmhíniú comhchoiteann ar ionadaíocht leasa. Chun cur i bhfeidhm ceart na gceanglas trédhearcachta comhchuibhithe a áirithiú, ba cheart brí fhairsing a bheith le coincheap na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa. Ba cheart a chumhdach leis gníomhaíochtaí a dhéantar d’fhonn tionchar a imirt ar fhorbairt, ar cheapadh nó ar chur chun feidhme beartais nó reachtaíochta, nó ar phróisis chinnteoireachta phoiblí, lena n-áirítear trí thionchar a imirt ar thuairim an phobail, san Aontas agus ina Bhallstáit, lena n-áirítear ar leibhéil réigiúnacha agus áitiúla. | (16) Chun na ***híos***ceanglais trédhearcachta a chomhchuibhiú ***agus chun a gcur i bhfeidhm ceart a áirithiú***, is gá foráil a dhéanamh maidir le sainmhíniú comhchoiteann ***uileghabhálach*** ar ionadaíocht leasa. Chun cur i bhfeidhm ceart na gceanglas trédhearcachta comhchuibhithe a áirithiú, ba cheart brí fhairsing a bheith le coincheap na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa. Ba cheart a chumhdach leis gníomhaíochtaí a dhéantar d’fhonn tionchar a imirt ar fhorbairt, ar cheapadh nó ar chur chun feidhme beartais nó reachtaíochta, nó ar phróisis chinnteoireachta phoiblí, lena n-áirítear trí thionchar a imirt ar thuairim an phobail, san Aontas agus ina Bhallstáit, lena n-áirítear ar leibhéil réigiúnacha agus áitiúla. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ***Ba cheart nasc soiléir substaintiúil a bheith ann idir an ghníomhaíocht agus an dóchúlacht go mbeadh tionchar aici ar fhorbairt, ar cheapadh nó ar chur chun feidhme beartais nó reachtaíochta, nó ar phróisis chinnteoireachta phoiblí, san Aontas.*** Lena chinneadh an ann do nasc den sórt sin, ba cheart aird a thabhairt ar na tosca ábhartha uile, amhail ábhar na gníomhaíochta, an comhthéacs ina ndéantar í, a chuspóir, na modhanna trína ndéantar í, nó an bhfuil an ghníomhaíocht mar chuid d’fheachtas córasach nó marthanach. Níor cheart na gníomhaíochtaí a chumhdaítear a bheith teoranta do ghníomhaíochtaí arb é is cuspóir dóibh athrú ar bheartas, ar reachtaíocht nó ar phróiseas cinnteoireachta poiblí ar leith a chur chun cinn ach ba cheart go gcumhdófaí leo freisin gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh an status quo a choinneáil. | (17) Chun a chinneadh an ann do nasc soiléir substaintiúil idir na seirbhísí a sholáthraítear agus na gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa, ba cheart aird a thabhairt ar na tosca ábhartha uile, amhail ábhar na gníomhaíochta, an comhthéacs ina ndéantar í, a chuspóir, na modhanna trína ndéantar í, nó an bhfuil an ghníomhaíocht mar chuid d’fheachtas córasach nó marthanach. Níor cheart na gníomhaíochtaí a chumhdaítear a bheith teoranta do ghníomhaíochtaí arb é is cuspóir dóibh athrú ar bheartas, ar reachtaíocht nó ar phróiseas cinnteoireachta poiblí ar leith a chur chun cinn ach ba cheart go gcumhdófaí leo freisin gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh an status quo a choinneáil. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) D’fhéadfaí ionadaíocht leasa a dhéanamh, go háirithe, trí ghníomhaíochtaí amhail cruinnithe, comhdhálacha nó | (18) D’fhéadfaí ionadaíocht leasa a dhéanamh trí ghníomhaíochtaí amhail cruinnithe, comhdhálacha nó imeachtaí a eagrú nó páirt a |

| | |
|---|---|
| imeachtaí a eagrú nó páirt a ghlacadh iontu, ionchur a dhéanamh i gcomhairliúcháin, éisteachtaí parlaiminteacha nó tionscnaimh eile dá samhail nó páirt a ghlacadh iontu, feachtais chumarsáide nó fógraíochta a eagrú, lena n-áirítear trí na meáin, ardáin, úsáid tionchair sna meáin shóisialta, líonraí agus tionscnaimh phobail, páipéir bheartais agus seasaimh, leasuithe reachtacha, pobalbhreitheanna agus suirbhéanna, litreacha oscailte agus ábhar cumarsáide nó faisnéise eile a ullmhú. | ghlacadh iontu, ionchur a dhéanamh i gcomhairliúcháin, éisteachtaí parlaiminteacha nó tionscnaimh eile dá samhail nó páirt a ghlacadh iontu, feachtais chumarsáide nó fógraíochta a eagrú, lena n-áirítear trí na meáin, ardáin, tionchairí a úsáid sna meáin shóisialta, páipéir bheartais agus seasaimh, leasuithe reachtacha, pobalbhreitheanna agus suirbhéanna, litreacha oscailte agus ábhar cumarsáide nó faisnéise eile a ullmhú, lena n-áirítear nuair a thagann sé ó mheithleacha machnaimh nó ó institiúidí taighde atá ag gníomhú iad féin mar eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ***D'fhéadfadh sé go gcumhdófaí le hionadaíocht leasa freisin gníomhaíochtaí a dhéantar thar ceann eintitis tríú tír i gcomhthéacs an taighde agus an oideachais, amhail scaipeadh páipéar ag meithleacha machnaimh lena moltar nó lena bhfuiltear i bhfabhar beartas poiblí ar leith a ghlacadh.*** I gcomhréir le prionsabal na saoirse acadúla agus shaoirse an taighde eolaíoch, a chumhdaítear in Airteagal 13 den Chairt, níor cheart a chumhdach le hionadaíocht leasa taighde a dhéanann taighdeoirí in ábhar dá | (19) I gcomhréir le prionsabal na saoirse acadúla agus shaoirse an taighde eolaíoch, a chumhdaítear in Airteagal 13 den Chairt, níor cheart taighde a dhéanann taighdeoirí in ábhar dá rogha féin, scaipeadh thorthaí an taighde sin ná gníomhaíochtaí teagaisc agus oideachais a dhéantar i gcomhréir le prionsabail na saoirse acadúla agus an neamhspleáchais institiúidigh a chumhdach le hionadaíocht leasa. Dá bhrí sin, níor cheart ceanglais chlárúcháin faoin Treoir seo eascairt as gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh. |

rogha féin, scaipeadh thorthaí an taighde sin ná gníomhaíochtaí teagaisc agus oideachais a dhéantar i gcomhréir le prionsabail na saoirse acadúla agus an neamhspleáchais institiúidigh, ach amháin i gcás inarb é is cuspóir soiléir do na gníomhaíochtaí sin tionchar a imirt ar fhorbairt, ar cheapadh nó ar chur chun feidhme beartais nó reachtaíochta, nó ar phróisis chinnteoireachta phoiblí, san Aontas agus go ndéantar iad thar ceann eintitis tríú tír. I gcás nach amhlaidh an cás, níor cheart ceanglais chlárúcháin faoin Treoir seo eascairt as gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Gníomhaíochtaí a dhéanann oifigigh rialtais tríú tír a bhfuil baint acu le feidhmiú údaráis oifigiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú an chaidrimh taidhleoireachta idir Stáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo. Níor cheart a chumhdach leis an Treoir seo ach oiread gníomhaíochtaí a dhéanann dlíodóirí arb é atá iontu comhairle dlí a sholáthar nó ionadaíocht a dhéanamh in imeachtaí dlíthiúla, idir-réitigh nó idirghabhála eintiteas tríú tír agus a gcearta bunúsacha a choimirciú, amhail an ceart chun éisteacht a fháil, an ceart chun | (20) Gníomhaíochtaí a dhéanann oifigigh rialtais tríú tír a bhfuil baint acu le feidhmiú údaráis oifigiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú an chaidrimh taidhleoireachta idir Stáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail iad siúd a bhaineann leis na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 3 de Choinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo. Níor cheart a chumhdach leis an Treoir seo ach oiread gníomhaíochtaí a dhéanann dlíodóirí arb é atá iontu comhairle dlí a sholáthar nó ionadaíocht a dhéanamh in imeachtaí dlíthiúla, idir-réitigh nó |

trialach córa, agus an ceart chun cosaint a fháil. Ba cheart comhairle ghairmiúil seachas comhairle dlí a bheith lasmuigh de raon feidhme na Treorach seo, amhail staidéar gairmiúil nó sainstaidéar a sholáthar lena úsáid mar fhianaise chun tacú le hargóintí sa chúirt; comhairle theicniúil nó eolaíoch a fháil maidir le reachtaíocht theicniúil a chomhlíonadh nó seirbhísí idirghabhála gairmí a úsáid mar idirghabhálaithe nach gá gur dlíodóirí deimhnithe iad. Níor cheart gníomhaíochtaí coimhdeacha amhail lónadóireacht, soláthar ionaid, priontáil bróisiúr nó páipéar beartais, nó soláthar seirbhísí idirghabhálacha ar líne de réir bhrí Rialachán (AE) 2022/2065[3], amhail seirbhísí ardáin ar líne, a chumhdach leis an Treoir seo.

[3] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/AE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).

idirghabhála eintiteas tríú tír agus a gcearta bunúsacha a choimirciú, amhail an ceart chun éisteacht a fháil, an ceart chun trialach córa, agus an ceart chun cosaint a fháil. Ba cheart comhairle ghairmiúil seachas comhairle dlí a bheith lasmuigh de raon feidhme na Treorach seo, amhail staidéar gairmiúil nó sainstaidéar a sholáthar lena úsáid mar fhianaise chun tacú le hargóintí sa chúirt; comhairle theicniúil nó eolaíoch a fháil maidir le reachtaíocht theicniúil a chomhlíonadh nó seirbhísí idirghabhála gairmí a úsáid mar idirghabhálaithe nach gá gur dlíodóirí deimhnithe iad. Níor cheart gníomhaíochtaí coimhdeacha amhail lónadóireacht, soláthar ionaid, priontáil bróisiúr nó páipéar beartais, nó soláthar seirbhísí idirghabhálacha ar líne de réir bhrí Rialachán (AE) 2022/2065, amhail seirbhísí ardáin ar líne, a chumhdach leis an Treoir seo.

[3] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/AE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(21) Chun na ceanglais trédhearcachta a chomhchuibhiú, is gá foráil a dhéanamh maidir le sainmhíniú ar soláthraithe um sheirbhísí comhchoiteanna ionadaíochta leasa. D'fhéadfadh sé gur daoine dlítheanacha a rialaítear leis an dlí príobháideach iad soláthraithe seirbhísí ionadaíochta leasa , nó daoine nádúrtha a bhíonn i mbun gníomhaíocht brústocaireachta gairmiúla ina n-aonar, chomh maith le daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile arb é a bpríomhghairm nó a ngairm ócáideach tionchar a imirt ar an bpróiseas cinnteoireachta poiblí, lena n-áirítear cuideachtaí brústocaireachta agus caidreamh poiblí, meithleacha machnaimh, eagraíochtaí sochaí sibhialta, institiúidí taighde príobháideacha, institiúidí taighde poiblí a chuireann seirbhísí taighde ar fáil, taighdeoirí aonair agus comhairleoirí.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Féadfaidh rialtas nó údaráis tríú tír a bheith taobh thiar de chinneadh eintitis ionadaíocht | (23) Féadfaidh rialtas nó údaráis tríú tír a bheith taobh thiar de chinneadh eintitis ionadaíocht |

leasa a lorg. D’fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh ar rialú a fheidhmíonn rialtas nó údaráis phoiblí tríú tír ar an eintiteas, go háirithe i gcás ina bhfuil tionchar cinntitheach aige ar an eintiteas sin trí chearta eacnamaíocha, trí shocruithe conarthacha, nó ar aon mhodh eile. D’fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar chásanna ina raibh rialtas nó údaráis tríú tír taobh thiar de chinneadh an eintitis, go háirithe trí threoracha a thabhairt. Chun cásanna den sórt sin a ghabháil, is é brí ba cheart a bhaint as coincheap na n-eintiteas tríú tír coincheap lena gcumhdaítear ní hamháin an rialtas láir agus údaráis phoiblí tríú tíortha ach lena gcumhdaítear freisin eintitis phoiblí nó phríobháideacha, lena n-áirítear saoránaigh an Aontais agus daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas, ar féidir a ngníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír sin ar deireadh. Cibé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíochtaí eintitis phoiblí nó phríobháidigh le cur i leith rialtas nó údarás tríú tír, ba cheart é sin a chinneadh de réir an cháis agus aird chuí á tabhairt ar ghnéithe amhail saintréithe an eintitis ábhartha agus an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tríú tír ina bhfeidhmíonn an t-eintiteas, lena n-áirítear ról an rialtais i ngeilleagar na tíre sin.

leasa a lorg. D’fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh ar rialú arna fheidhmiú ag rialtas nó údaráis phoiblí tríú tír ar an eintiteas. ***Chun a chinneadh an bhfuil eintiteas faoi rialú deiridh urraitheora, is gá a chur san áireamh an comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil ina n-oibríonn sé, na cearta a fheidhmíonn tríú páirtithe air, a oibleagáidí conarthacha agus aon toisc eile a léiríonn, ar leithligh nó i dteannta a chéile, go bhfuil duine in ann tionchar cinntitheach a imirt air.*** D’fhéadfadh na heilimintí fíorasacha agus dlíthiúla sin teacht, go háirithe, ó úinéireacht, ón gceart sócmhainní uile eintitis nó cuid díobh a úsáid, nó ó chearta nó ó chonarthaí lena dtugtar tionchar cinntitheach ar chomhdhéanamh, vótáil nó cinntí orgán eintitis, nó cearta lena gceadaítear tionchar cinntitheach ar bheartais airgeadais nó straitéiseacha. ***Ba cheart go léireodh na heilimintí sin i dteannta a chéile bealaí inar féidir le hurraitheoir treoir straitéiseach nó mórchinntí eintitis a threorú.*** D’fhéadfadh rialú a bheith mar thoradh ar chásanna ina raibh rialtas nó údaráis tríú tír taobh thiar de chinneadh an eintitis, go háirithe trí orduithe nó treoracha a thabhairt. Chun cásanna den sórt sin a ghabháil, is é brí ba cheart a bhaint as coincheap na n-eintiteas tríú tír a ghníomhaíonn mar urraitheoir gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa coincheap lena gcumhdaítear ní hamháin an rialtas láir agus údaráis phoiblí tríú tíortha ach lena gcumhdaítear freisin eintitis phoiblí nó phríobháideacha, lena

n-áirítear saoránaigh an Aontais agus daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas, ar féidir a ngníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír sin ar deireadh. Cibé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíochtaí eintitis phoiblí nó phríobháidigh le cur i leith rialtas nó údarás tríú tír, ba cheart é sin a chinneadh de réir an cháis agus aird chuí á tabhairt ar ghnéithe amhail saintréithe an eintitis ábhartha agus an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tríú tír ina bhfeidhmíonn an t-eintiteas, lena n-áirítear ról an rialtais i ngeilleagar na tíre sin. ***Ba cheart fianaise shoiléir a bheith ann chun tacú leis an sannadh sin agus níor cheart é a úsáid mar uirlis chun srian a chur ar an spás sibhialta ná ar eintitis 'ainmnigh agus náirigh'.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart gníomhaíocht ionadaíochta leasa teacht faoi raon feidhme na Treorach seo má dhéantar í thar ceann eintitis tríú tír. Ciallaíonn sé sin gur cheart a chumhdach léi seirbhísí ionadaíochta leasa arna soláthar d'eintitis tríú tír. Ina theannta sin, ós rud é go bhféadfaidh rialtas tríú tír brath ar eintitis ar féidir a ngníomhaíochtaí a shannadh dó chun gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa de chineál eacnamaíoch a dhéanamh agus mar sin a bheidh inchomparáide | (24) Ba cheart gníomhaíocht ionadaíochta leasa teacht faoi raon feidhme na Treorach seo má dhéantar í thar ceann urraitheoir tríú tír. Ciallaíonn sé sin gur cheart a chumhdach léi seirbhísí ionadaíochta leasa arna soláthar d'urraitheoirí tríú tír. Ina theannta sin, ós rud é go bhféadfaidh rialtas tríú tír brath ar eintitis ar féidir a ngníomhaíochtaí a shannadh dó chun gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa de chineál eacnamaíoch a dhéanamh agus |

| | |
|---|---|
| le seirbhís ionadaíochta leasa, ba cheart a chumhdach leis an Treoir gníomhaíochtaí den sórt sin freisin. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí ionadaíocht leasa intí ag eintitis tríú tír a chumhdach léi freisin. Ba cheart a chumhdach leis an Treoir seo gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann eintitis tríú tír atá dírithe ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha nó a dhéantar nó a thugtar chuig an ríocht phoiblí i mBallstát amháin nó i roinnt Ballstát. | mar sin a bheidh inchomparáide le seirbhís ionadaíochta leasa, ba cheart a chumhdach leis an Treoir gníomhaíochtaí den sórt sin freisin. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí ionadaíocht leasa inti ag urraitheoirí tríú tír a chumhdach léi freisin. Ba cheart a chumhdach leis an Treoir seo gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann urraitheoirí tríú tír atá dírithe ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha nó a dhéantar nó a thugtar chuig an ríocht phoiblí i mBallstát amháin nó i roinnt Ballstát. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Níor cheart a chumhdach leis an Treoir seo gníomhaíochtaí a thacaíonn le leasanna tríú tír nó a ailíníonn le leasanna tríú tír ach gan aon nasc acu leis an tríú tír sin. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí arb é atá i gceist leo léiriú ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar an tsaoirse chun faisnéis agus smaointe a roinnt agus a fháil, nó léiriú ar an tsaoirse acadúil, amhail gníomhaíochtaí a dhéanann daoine nádúrtha ag gníomhú dóibh i gcáil phearsanta, nó iriseoirí atá ag obair do na meáin tríú tír nach féidir a ngníomhaíochtaí a chur i leith tríú tír nó nach gcáilíonn mar ionadaíocht leasa mar a shainmhínítear sa Treoir seo. Soláthar seirbhísí meán mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de | (25) Níor cheart a chumhdach leis an Treoir seo gníomhaíochtaí a thacaíonn le leasanna tríú tír nó a ailíníonn le leasanna tríú tír ach gan aon nasc acu leis an tríú tír sin. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí arb é atá i gceist leo léiriú ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar an tsaoirse chun faisnéis agus smaointe a roinnt agus a fháil, nó léiriú ar an tsaoirse acadúil, amhail gníomhaíochtaí a dhéanann daoine nádúrtha ag gníomhú dóibh i gcáil phearsanta, nó iriseoirí atá ag obair do na meáin tríú tír nach féidir a ngníomhaíochtaí a chur i leith tríú tír nó nach gcáilíonn mar ionadaíocht leasa mar a shainmhínítear sa Treoir seo. Ní thiocfaidh soláthar seirbhísí meán mar a shainmhínítear in |

Rialachán (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] ná soláthar seirbhísí meán closamhairc mar a shainmhínítear in Airteagal 1 de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], ní thiocfaidh siad faoi raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. ***Mar sin féin, cumhdófar gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéanann soláthraithe seirbhísí meán thar ceann eintitis tríú tír de réir bhrí na Treorach seo.***

---

[4] Rialachán (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an XXXX lena mbunaítear creat coiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (IO L XX, XX.XX.XXXX, lch. XX, ELI: XXX).

[5] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe atá leagtha síos leis an dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/13/oj).

Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1083[4] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus soláthar seirbhísí meán closamhairc mar a shainmhínítear in Airteagal 1 de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] faoi raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo.

---

[4] Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat coiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (IO L 2024/1083, 17.4.2024, ELI: ***http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1083/oj***).

[5] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe atá leagtha síos leis an dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/13/oj).

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Chun críche seirbhísí ionadaíochta leasa a sholáthraítear d'eintiteas tríú tír, ba cheart aon chomaoin a fhaightear i gcomaoin seirbhís ionadaíochta leasa atá i dtrácht a mheas mar luach saothair chun críocha na Treorach seo. D'fhéadfaí a chumhdach leis sin ranníocaíochtaí airgeadais, amhail iasachtaí, instealladh caipitil, maitheamh fiachais, dreasachtaí fioscacha nó díolúine ó cháin, a fhaightear i gcomaoin gníomhaíocht ionadaíochta leasa. D'fhéadfadh sochair chomhchineáil a bheith i gceist le luach saothair freisin, amhail spás oifige a sholáthar, a thógáil agus a chothabháil i gcomaoin seirbhís ionadaíochta leasa. I gcásanna den sórt sin, bheadh an soláthraí seirbhísí ionadaíochta leasa freagrach as luach an tsochair arna fháil a mheas, mar shampla tríd an ráta margaidh a úsáid. | (26) Chun críche seirbhísí ionadaíochta leasa a sholáthraítear d'urraitheoir tríú tír, ba cheart aon chomaoin a fhaightear i gcomaoin seirbhís ionadaíochta leasa atá i dtrácht a mheas mar luach saothair chun críocha na Treorach seo. D'fhéadfaí a chumhdach leis sin ranníocaíochtaí airgeadais, amhail iasachtaí, instealladh caipitil, maitheamh fiachais, dreasachtaí fioscacha nó díolúine ó cháin, a fhaightear i gcomaoin gníomhaíocht ionadaíochta leasa. D'fhéadfadh sochair chomhchineáil a bheith i gceist le luach saothair freisin, amhail spás oifige a sholáthar, a thógáil agus a chothabháil i gcomaoin seirbhís ionadaíochta leasa. I gcásanna den sórt sin, bheadh an soláthraí seirbhísí ionadaíochta leasa freagrach as luach an tsochair arna fháil a mheas, mar shampla tríd an ráta margaidh a úsáid. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Dhearbhaigh an Chúirt gurb í saintréith fhíor-riachtanach an luach saothair gur comaoin é i leith na seirbhísí i dtrácht. Níor cheart ranníocaíochtaí le croí-chistiú eagraíochta nó le tacaíocht airgeadais chomhchosúil, mar shampla, a sholáthraítear faoi scéim deontas deontóra tríú tír, a mheas mar | (27) Dhearbhaigh an Chúirt gurb í saintréith fhíor-riachtanach an luach saothair gur comaoin, eadhon íocaíocht shonrach nó luach saothair, é i leith na seirbhísí i dtrácht. Níor cheart ranníocaíochtaí le heagraíocht, lena n-áirítear go háirithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta, amhail ranníocaíochtaí lena |

| | |
|---|---|
| luach saothair le haghaidh seirbhís ionadaíochta leasa i gcás nach bhfuil baint acu le gníomhaíocht ionadaíochta leasa, is é sin, i gcás ina bhfaigheadh an t-eintiteas maoiniú den sórt sin gan beann ar cé acu an ndéanann nó nach ndéanann sé gníomhaíochtaí sonracha ionadaíochta leasa don tríú tír a sholáthraíonn maoiniú den sórt sin. | croíchistiú nó tacaíocht airgeadais chomhchosúil, a sholáthraítear faoi scéim deontas deontóra tríú tír mar shampla, a mheas mar luach saothair le haghaidh seirbhís ionadaíochta leasa i gcás nach bhfuil baint acu le gníomhaíocht ionadaíochta leasa, is é sin, i gcás ina bhfaigheadh an t-eintiteas maoiniú den sórt sin gan beann ar cé acu an ndéanann nó nach ndéanann sé gníomhaíochtaí sonracha ionadaíochta leasa don tríú tír a sholáthraíonn maoiniú den sórt sin. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Chun forléargas cuimsitheach agus trédhearcach na méideanna a úsáidtear le haghaidh gníomhaíocht ionadaíochta leasa ina hiomláine a áirithiú, ba cheart a áireamh sna méideanna bliantúla, chun críoch na Treorach seo, an luach saothair bliantúil iomlán arna fháil ón eintiteas tríú tír as seirbhís ionadaíochta leasa a sholáthar, agus i gcás nach bhfaightear aon luach saothair, meastachán ar na costais bhliantúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht ionadaíochta leasa a dhéantar. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart a áireamh leis na méideanna sin na costais le haghaidh fochonraitheoirí agus gníomhaíochtaí coimhdeacha. | (28) Chun forléargas cuimsitheach agus trédhearcach na méideanna a úsáidtear le haghaidh gníomhaíocht ionadaíochta leasa ina hiomláine a áirithiú, ba cheart a áireamh sna méideanna bliantúla, chun críoch na Treorach seo, an luach saothair bliantúil iomlán arna fháil ón urraitheoir tríú tír as seirbhís ionadaíochta leasa a sholáthar, agus i gcás nach bhfaightear aon luach saothair, meastachán ar na costais bhliantúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht ionadaíochta leasa a dhéantar. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart a áireamh leis na méideanna sin na costais le haghaidh fochonraitheoirí agus gníomhaíochtaí coimhdeacha. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Féadfaidh fochonraitheoirí cáiliú mar eintiteas a dhéanann ionadaíocht leasa thar ceann eintitis tríú tír agus dá bhrí sin tagann siad faoi raon feidhme na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun comhaireamh dúbailte luach saothair a sheachaint, chomh maith le faisnéis ar fud slabhra conarthaí a áirithiú, ba cheart d'eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a áirithiú go n-áireofaí ina socruithe conarthacha le fochonraitheoirí faisnéis go bhfuil gníomhaíocht ionadaíochta leasa á déanamh thar ceann eintiteas tríú tír, chomh maith le hoibleagáid an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh i gcásanna ina ligtear an ghníomhaíocht ar fochonradh eile. Ar an mbonn sin, ba cheart fochonraitheoirí a dhíolmhú ón oibleagáid taifid a chlárú agus a choinneáil, agus i gcás inarb infheidhme, ionadaí dlíthiúil a ainmniú, a leagtar síos sa Treoir seo. | (29) Féadfaidh fochonraitheoirí cáiliú mar eintiteas a dhéanann ionadaíocht leasa thar ceann urraitheoirí tríú tír agus dá bhrí sin tagann siad faoi raon feidhme na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun comhaireamh dúbailte luach saothair a sheachaint, chomh maith le faisnéis ar fud slabhra conarthaí a áirithiú, ba cheart d'eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a áirithiú go n-áireofaí ina socruithe conarthacha le fochonraitheoirí faisnéis go bhfuil gníomhaíocht ionadaíochta leasa á déanamh thar ceann urraitheoir tríú tír, chomh maith le hoibleagáid an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh i gcásanna ina ligtear an ghníomhaíocht ar fochonradh eile. Ar an mbonn sin, ba cheart fochonraitheoirí a dhíolmhú ón oibleagáid taifid a chlárú agus a choinneáil, agus i gcás inarb infheidhme, ionadaí dlíthiúil a ainmniú, a leagtar síos sa Treoir seo. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun comhlíonadh cheanglais chlárúcháin na | (30) Chun comhlíonadh cheanglais chlárúcháin na |

| | |
|---|---|
| Treorach seo a éascú, ba cheart soláthraithe seirbhísí ionadaíochta leasa a bheith i dteideal a iarraidh ar an eintiteas a soláthraítear an tseirbhís thar a cheann a dhearbhú an eintiteas tríú tír é. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí ionadaíochta leasa lántairbhe a bhaint as an gceart sin chun rogha eolasach a dhéanamh lena gcuirfí ar a gcumas dóibh na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh go hiomlán agus a ngníomhaíochtaí á bhfeidhmiú acu. | Treorach seo a éascú, ba cheart soláthraithe seirbhísí ionadaíochta leasa a bheith i dteideal a iarraidh ar an eintiteas a soláthraítear an tseirbhís thar a cheann a dhearbhú an urraitheoir tríú tír é. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí ionadaíochta leasa lántairbhe a bhaint as an gceart sin chun rogha eolasach a dhéanamh lena gcuirfí ar a gcumas dóibh na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh go hiomlán agus a ngníomhaíochtaí á bhfeidhmiú acu. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Chun tacú le cuntasacht agus chun feasacht ar na leasanna tríú tír a ndéanann siad ionadaíocht thar a gceann a chur chun cinn, ba cheart a cheangal ar eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann eintiteas tríú tír taifid áirithe a choinneáil. Ba cheart a áireamh sna taifid sin tuairisc ar chuspóir na gníomhaíochta ionadaíochta leasa, go háirithe an próiseas cinnteoireachta ar mian léi tionchar a imirt air agus an toradh is mian léi a bhaint amach. Ba cheart a áireamh freisin sna taifid aitheantas an eintitis tríú tír, ar cheart é a thuiscint mar ainm iomlán an duine nádúrtha i gcásanna inar duine nádúrtha é an t-eintiteas. Ba cheart a áireamh leo freisin cóipeanna de | (31) Chun tacú le cuntasacht agus chun feasacht ar na leasanna tríú tír a ndéanann siad ionadaíocht thar a gceann a chur chun cinn, ba cheart don eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann urraitheoir tríú tír faisnéis áirithe a choinneáil. Ba cheart a áireamh sna taifid sin tuairisc ar chuspóir na gníomhaíochta ionadaíochta leasa, go háirithe an próiseas cinnteoireachta ar mian léi tionchar a imirt air agus an toradh is mian léi a bhaint amach. Ba cheart a áireamh freisin sna taifid aitheantas an urraitheora tríú tír, ar cheart é a thuiscint mar ainm iomlán an duine nádúrtha i gcásanna inar duine nádúrtha é an t-urraitheoir. Ba cheart a áireamh leo freisin cóipeanna de chonarthaí agus |

| | |
|---|---|
| chonarthaí agus de phríomh-mhalartuithe atá fíor-riachtanach chun cineál, cuspóir, agus socruithe airgeadais atá taobh thiar den ghníomhaíocht ionadaíochta leasa a thuiscint, chomh maith le faisnéis nó ábhar atá ina bpríomhchuid den ghníomhaíocht, amhail páipéir seasaimh a roinntear le hoifigigh phoiblí. | socruithe airgeadais atá taobh thiar den ghníomhaíocht ionadaíochta leasa, chomh maith le faisnéis nó ábhar atá ina bpríomhchuid den ghníomhaíocht, amhail páipéir seasaimh a roinntear le hoifigigh phoiblí. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Níor cheart a cheangal ar eintitis a dhéanann ionadaíocht leasa thar ceann tríú tíortha na sonraí pearsanta atá sna taifid sin a choinneáil níos faide ná mar is gá lena áirithiú gur féidir leis na húdaráis mhaoirseachta a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Ba cheart aon taifid den sórt sin a choinneáil fada go leor chun go mbeidh na húdaráis mhaoirseachta, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ábalta na taifid a choinnítear maidir leis an eintiteas tríú tír agus maidir leis an ngníomhaíocht ionadaíochta leasa a fháil chomh maith leis na taifid chomhiomlánaithe bhliantúla. | (32) Níor cheart a cheangal ar eintitis a dhéanann ionadaíocht leasa thar ceann tríú tíortha na sonraí pearsanta atá sna taifid sin a choinneáil níos faide ná mar is gá lena áirithiú gur féidir leis na húdaráis mhaoirseachta a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Ba cheart aon taifid den sórt sin a choinneáil fada go leor chun go mbeidh na húdaráis mhaoirseachta, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ábalta na taifid a choinnítear maidir leis an urraitheoir tríú tír agus maidir leis an ngníomhaíocht ionadaíochta leasa a fháil chomh maith leis na taifid chomhiomlánaithe bhliantúla. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (33) Chun maoirseacht éifeachtach a éascú, ba cheart a cheangal ar eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann eintiteas tríú tír nach bhfuil áit bhunaíochta acu san Aontas ionadaí dlíthiúil atá bunaithe san Aontas a ainmniú agus a áirithiú go mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá ag a n-ionadaí dlíthiúil ainmnithe chun comhoibriú leis na húdaráis ábhartha. | (33) Chun maoirseacht éifeachtach a éascú, ba cheart a cheangal ar eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann urraitheoir tríú tír nach bhfuil áit bhunaíochta acu san Aontas ionadaí dlíthiúil atá bunaithe san Aontas a ainmniú agus a áirithiú go mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá ag a n-ionadaí dlíthiúil ainmnithe chun comhoibriú leis na húdaráis ábhartha. |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (34) Chun foráil a dhéanamh maidir le ceanglais chomhchuibhithe trédhearcachta ar fud an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart a cheangal ar eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann eintitis tríú tír clárú i gcláir náisiúnta ag a n-áit bhunaíochta. Ba cheart nuashonruithe ina dhiaidh sin ar chlárúchán atá ann cheana a dhéanamh sa chlár náisiúnta sin freisin. Ba cheart do na Ballstáit na cláir sin a bhunú, a oibriú agus a chothabháil. Chun críocha na Treorach seo, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na cláir náisiúnta atá acu cheana, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo. Chun | (34) Chun foráil a dhéanamh maidir le híoscheanglais chomhchuibhithe trédhearcachta ar fud an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart a cheangal ar eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann urraitheoir tríú tír clárú i cláir náisiúnta mBallstáit ina bhfuil a bpríomháit bhunaíochta lonnaithe nó ina ndéanann siad gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa. Ba cheart do na Ballstáit na cláir sin a bhunú, a oibriú agus a chothabháil. Ba cheart nuashonruithe ina dhiaidh sin ar chlárúchán atá ann cheana a dhéanamh sa chlár náisiúnta sin freisin. Chun críocha na Treorach seo, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na cláir náisiúnta atá |

| | |
|---|---|
| rannáin náisiúnta inniúlachta a urramú, ba cheart na Ballstáit a bheith i dteideal níos mó ná clár amháin den sórt sin a bhunú. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit rialacha a bhunú lena léirítear cad iad na cláir náisiúnta ba cheart d'eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha clárú iontu. Níor cheart logaí de ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta laistigh de na cláir náisiúnta a choinneáil níos faide ná mar is gá chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na rochtana ar shonraí pearsanta agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a theorannú do bhliain. | acu cheana, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo. Chun rannáin náisiúnta inniúlachta a urramú, ba cheart na Ballstáit a bheith i dteideal níos mó ná clár amháin den sórt sin a bhunú, agus ba cheart an clár sin a bheith idir-inoibritheach. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit rialacha a bhunú lena léirítear cad iad na cláir náisiúnta ba cheart d'eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha clárú iontu. Níor cheart logaí de ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta laistigh de na cláir náisiúnta a choinneáil níos faide ná mar is gá chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na rochtana ar shonraí pearsanta agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a theorannú do bhliain. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) De bhun Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***6*** , tá faisnéis faoi na hoibleagáidí agus na foirmiúlachtaí clárúcháin a bhunaítear leis an Treoir seo ar fáil tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach lena mbunaítear, trí thairseach gréasáin An Eoraip Agatsa, ionad ilfhreastail lena soláthraítear faisnéis do ghnólachtaí agus do shaoránaigh faoi rialacha agus nósanna imeachta sa Mhargadh Aonair, ar gach leibhéal rialtais agus | (35) De bhun Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart faisnéis faoi na hoibleagáidí agus na foirmiúlachtaí clárúcháin a bhunaítear leis an Treoir seo a bheith ar fáil tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach lena mbunaítear, trí thairseach gréasáin An Eoraip Agatsa, ionad ilfhreastail lena soláthraítear faisnéis do ghnólachtaí agus do shaoránaigh faoi rialacha agus nósanna imeachta sa Mhargadh |

| | |
|---|---|
| rochtain dhíreach, láraithe agus threoraithe ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna chomh maith le raon leathan nósanna imeachta riaracháin digitithe go hiomlán. Ina theannta sin, tá an nós imeachta maidir le clárú go hiomlán ar líne agus eagraithe i gcomhréir le prionsabal ‘na haonuaire’ chun athúsáid sonraí a éascú. | Aonair, ar gach leibhéal rialtais agus rochtain dhíreach, láraithe agus threoraithe ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna chomh maith le raon leathan nósanna imeachta riaracháin digitithe go hiomlán. Ina theannta sin, ba cheart an nós imeachta maidir le clárú a bheith go hiomlán ar líne agus eagraithe i gcomhréir le prionsabal ‘na haonuaire’ chun athúsáid sonraí a éascú. |
| [6] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1724/oj) | [6] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1724/oj) |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) I gcás ina bhfuil an t-eintiteas a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann eintiteas tríú tír bunaithe i roinnt Ballstát, níor cheart nach gcláródh sé ach sa Bhallstát ina bhfuil a phríomhbhunaíocht aige. ***Is é brí ba cheart a bhaint as príomhbhunaíocht an eintitis an áit ina bhfuil a cheannoifig nó a oifig chláraithe ag an*** | (36) I gcás ina bhfuil an t-eintiteas a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann urraitheoir tríú tír bunaithe i roinnt Ballstát, níor cheart an clárú a dhéanamh ach in aon Bhallstát amháin. |

***eintiteas ina bhfeidhmítear na príomhghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus an rialú oibríochtúil.***

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Ba cheart an fhaisnéis atá le háireamh chun críoch na Treorach seo sa chlárú a theorannú don mhéid is gá chun trédhearcacht na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha agus forfheidhmiú éifeachtach na Treorach seo a áirithiú. Ba cheart a áireamh i bhfaisnéis den sórt sin sonraí maidir leis an eintiteas a dhéanann gníomhaíocht ionadaíochta leasa é féin, an tríú tír a ndéantar an ghníomhaíocht thar a ceann, aitheantas na bhfochonraitheoirí mar a shainmhínítear sa Treoir seo a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa, agus faisnéis maidir leis an ngníomhaíocht shonrach ionadaíochta leasa a dhéantar. I gcás inarb infheidhme, ba cheart a áireamh leis freisin tagairt do sholáthraithe seirbhísí meán nó d’ardáin ar líne ina gcuirtear fógraí mar chuid den ghníomhaíocht ionadaíochta leasa. Níor cheart baint a bheith ag an gclárú le faisnéis faoi mhéideanna nó faoi thionscnamh na tacaíochta airgeadais a fhaightear nach mbaineann le gníomhaíocht ionadaíochta leasa. | (37) Ba cheart an fhaisnéis atá le háireamh chun críoch na Treorach seo sa chlárú a theorannú don mhéid is gá chun trédhearcacht na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha agus forfheidhmiú éifeachtach comhréireach na Treorach seo a áirithiú. Ba cheart a áireamh i bhfaisnéis den sórt sin sonraí maidir leis an eintiteas a dhéanann gníomhaíocht ionadaíochta leasa é féin, an tríú tír a ndéantar an ghníomhaíocht thar a ceann, aitheantas na bhfochonraitheoirí mar a shainmhínítear sa Treoir seo a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa, agus faisnéis maidir leis an ngníomhaíocht shonrach ionadaíochta leasa a dhéantar. I gcás inarb infheidhme, ba cheart a áireamh leis freisin tagairt do sholáthraithe seirbhísí meán nó d’ardáin ar líne ina gcuirtear fógraí mar chuid den ghníomhaíocht ionadaíochta leasa. Níor cheart baint a bheith ag an gclárú le faisnéis faoi mhéideanna nó faoi thionscnamh na tacaíochta airgeadais a fhaightear nach mbaineann le gníomhaíocht ionadaíochta leasa. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Lena áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear chun críocha an chláraithe ina deis i gcónaí do na húdaráis atá freagrach as na cláir náisiúnta na tríú tíortha a bhfuil ionadaíocht leasa á déanamh thar a gceann agus an méid airgid atá á chaitheamh ar na gníomhaíochtaí sin a shainaithint i gceart agus go beacht, ba cheart an Choimisiún a chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an tsraith chaighdeánach faisnéise a oiriúnú. | (38) Lena áirithiú go leanfaidh an fhaisnéis a sholáthraítear chun críocha an chláraithe ligean do na húdaráis atá freagrach as na cláir náisiúnta na tríú tíortha a bhfuil ionadaíocht leasa á déanamh thar a gceann agus an méid airgid atá á chaitheamh ar na gníomhaíochtaí sin a shainaithint i gceart agus go beacht, ba cheart an Choimisiún a chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an tsraith chaighdeánach faisnéise atá le clárú a oiriúnú. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha, atá cláraithe i gclár náisiúnta, ba cheart dóibh faisnéis sa chlár náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain ar a laghad. Mar sin féin, i bhfianaise a thábhachtaí agus atá cruinneas na faisnéise a choinnítear i gcláir náisiúnta dá leithéid chun an Treoir a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú, ba cheart aon athrú nó breisiú ar fhaisnéis teagmhála an eintitis chláraithe a dhéanamh | (39) Eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha, atá cláraithe i gclár náisiúnta, ba cheart dóibh faisnéis sa chlár náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain ar a laghad. Mar sin féin, i bhfianaise a thábhachtaí agus atá cruinneas na faisnéise a choinnítear i gcláir náisiúnta dá leithéid chun an Treoir a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú, ba cheart aon athrú nó breisiú ar fhaisnéis teagmhála an eintitis chláraithe a dhéanamh |

| | |
|---|---|
| níos tapa, agus in aon chás laistigh de thréimhse réasúnta ama. | chomh tapa agus is féidir. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Eintitis a dhéanann gníomhaíocht ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha, ba cheart iad a bheith ábalta a léiriú gur chomhlíon siad na ceanglais chlárúcháin. A luaithe a bheidh sé cláraithe, ba cheart cóip den fhaisnéis a áirítear i gclár náisiúnta agus Uimhir Ionadaíochta Leasa Eorpach (‘EIRN’) uathúil a sholáthar d’eintiteas. Ba cheart do EIRN feidhmiú mar mhodh chun aitheantas eintiteas a chláraítear de bhun na Treorach seo ar fud an Aontais a éascú. Dá bhrí sin, le comhdhéanamh EIRN, ba cheart sainaithint Bhallstát an chlárúcháin agus an chláir náisiúnta shonraigh ina ndearnadh an clárú a éascú. Ba cheart cuma loighciúil a bheith ar rogha an chóid lena sainaithnítear an clár náisiúnta clárúcháin do dhaoine a bhfuil cur amach acu ar eagraíocht an Bhallstáit lena mbaineann. | (41) Eintitis a dhéanann gníomhaíocht ionadaíochta leasa thar ceann urraitheoirí tríú tíortha, ba cheart iad a bheith ábalta a léiriú gur chomhlíon siad na ceanglais chlárúcháin. A luaithe a bheidh sé cláraithe, ba cheart cóip den fhaisnéis a áirítear i gclár náisiúnta agus Uimhir Ionadaíochta Leasa Eorpach (‘EIRN’) uathúil a sholáthar d’eintiteas. Ba cheart don EIRN feidhmiú mar mhodh chun aitheantas eintiteas a chláraítear de bhun na Treorach seo ar fud an Aontais a éascú. Dá bhrí sin, le comhdhéanamh EIRN, ba cheart sainaithint Bhallstát an chlárúcháin agus an chláir náisiúnta shonraigh ina ndearnadh an clárú a éascú. Ba cheart cuma loighciúil a bheith ar rogha an chóid lena sainaithnítear an clár náisiúnta clárúcháin do dhaoine a bhfuil cur amach acu ar eagraíocht an Bhallstáit lena mbaineann. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) A luaithe a bheidh siad cláraithe i mBallstát a n-áite bunaíochta, níor cheart a cheangal ar eintitis chláraithe clárú i mBallstáit eile, lena n-áirítear nuair a sheolfaidh siad gníomhaíocht ionadaíochta leasa ansin. Mar sin féin, chun rochtain ar fhaisnéis faoi eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa lena bhféadfaidís idirghníomhú a éascú d’oifigigh phoiblí, ba cheart do Bhallstáit eile ina ndéanfar na gníomhaíochtaí sin a áireamh, ina gcláir náisiúnta féin, ainmneacha na n-eintiteas cláraithe lena mbaineann, a EIRN, agus an nasc leis an bhfaisnéis atá sa chlár náisiúnta clárúcháin a chuirtear ar fáil go poiblí. | (42) A luaithe a bheidh siad cláraithe i mBallstát, níor cheart a cheangal ar eintitis chláraithe clárú i mBallstáit eile, lena n-áirítear nuair a sheolfaidh siad gníomhaíocht ionadaíochta leasa ansin. Mar sin féin, chun rochtain ar fhaisnéis faoi eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa lena bhféadfaidís idirghníomhú a éascú d’oifigigh phoiblí, ba cheart do Bhallstáit eile ina ndéanfar na gníomhaíochtaí sin a áireamh, ina gcláir náisiúnta féin, ainmneacha na n-eintiteas cláraithe lena mbaineann, a EIRN, agus an nasc leis an bhfaisnéis atá sa chlár náisiúnta clárúcháin a chuirtear ar fáil go poiblí. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 42 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(42a)Chun rochtain oifigeach poiblí ar fhaisnéis faoi eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a bhféadfadh siad idirghníomhú leo a éascú, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar uirlisí scagtha réamh-rannpháirtíochta a fhorbairt lena dtugtar rochtain éasca d’oifigigh phoiblí ar fhaisnéis phoiblí ó fhoinsí éagsúla, amhail cláir náisiúnta, cláir*** |

| | |
|---|---|
| | ***thrédhearcachta nó faisnéis ábhartha eile maidir le nochtadh, maidir le heintitis faoi raon feidhme na Treorach seo ionas gur féidir le hoifigigh phoiblí meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann sula rachaidh siad i dteagmháil le heintitis.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Lena áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas clárúcháin, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta, i gcás ina bhfuil faisnéis iontaofa acu nár chláraigh eintiteas, mar shampla bunaithe ar thuarascáil ó sceithire, a bheith ábalta a iarraidh ar an eintiteas an fhaisnéis a sholáthar a bhfuil géarghá léi chun a shuí an dtagann sí laistigh de raon feidhme na Treorach seo. Níor cheart níos mó a bheith i gceist leis an bhfaisnéis ná faisnéise lena bhfuiltear ábalta a léiriú léi go díreach an dtagann sí faoi raon feidhme na Treorach seo. D'fhéadfadh sé a bheith comhdhéanta den chineál faisnéise a chumhdaítear leis an oibleagáid maidir le taifid a choinneáil, lena n-áirítear aon dearbhú a fhaightear i dtaobh an eintiteas tríú tír é eintiteas a soláthraítear seirbhís ionadaíochta leasa thar a cheann. I gcás inar féidir, ba cheart an iarraidh a theorannú d'fhaisnéis | (43) Lena áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas clárúcháin, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta, i gcás ina bhfuil faisnéis iontaofa acu nár chláraigh eintiteas, mar shampla bunaithe ar thuarascáil ó sceithire, a bheith ábalta a iarraidh ar an eintiteas an fhaisnéis a sholáthar a bhfuil géarghá léi chun a shuí an dtagann sí laistigh de raon feidhme na Treorach seo. Níor cheart níos mó a bheith i gceist leis an bhfaisnéis ná faisnéis lena bhfuiltear ábalta a léiriú léi go díreach an dtagann sí faoi raon feidhme na Treorach seo. D'fhéadfadh sé a bheith comhdhéanta den chineál faisnéise a chumhdaítear leis an oibleagáid maidir le taifid a choinneáil, lena n-áirítear aon dearbhú a fhaightear i dtaobh an eintiteas tríú tír é urraitheoir a soláthraítear seirbhís ionadaíochta leasa thar a cheann. I gcás inar féidir, ba cheart an iarraidh a theorannú d'fhaisnéis |

| | |
|---|---|
| ar cheart di bheith i seilbh an eintitis. Ina theannta sin, ba cheart d’údaráis mhaoirseachta, i gcás ina bhfuil faisnéis iontaofa acu faoi neamhchomhlíonadh féideartha na n-oibleagáidí a thagann ón gclárú, a bheith ábalta a iarraidh ar eintiteas an fhaisnéis is gá a sholáthar chun imscrúdú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh féideartha dá leithéid. Níor cheart níos mó a bheith i gceist leis an bhfaisnéis sin de ghnáth ná faisnéis lena bhfuiltear ábalta iomláine nó cruinneas na faisnéise a sholáthraítear a léiriú go díreach mar chuid den cheanglas clárú agus tabhairt cothrom le dáta a dhéanamh uirthi. I gcás inar féidir, ba cheart an iarraidh a theorannú d’fhaisnéis ar cheart di bheith i seilbh an eintitis chláraithe. Ba cheart ráiteas ar chúiseanna, an fhaisnéis atá á lorg agus na cúiseanna lena hábharthacht, agus faisnéis faoi nósanna imeachta athbhreithnithe bhreithiúnaigh atá ar fáil a bheith in aon iarraidh den sórt sin. Ba cheart na hiarrataí den sórt sin a bheith gan dochar do chumhachtaí na n-údarás náisiúnta imscrúdú a dhéanamh ar aon iompar ar dóigh dó a bheith ina chionta coiriúla mar a fhoráiltear sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais. | ar cheart di bheith i seilbh an eintitis. Ina theannta sin, ba cheart d’údaráis mhaoirseachta, i gcás ina bhfuil faisnéis iontaofa acu faoi neamhchomhlíonadh féideartha na n-oibleagáidí a thagann ón gclárú, a bheith ábalta a iarraidh ar eintiteas an fhaisnéis is gá a sholáthar chun imscrúdú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh féideartha dá leithéid. Níor cheart níos mó a bheith i gceist leis an bhfaisnéis sin ná faisnéis lena bhfuiltear ábalta iomláine nó cruinneas na faisnéise a sholáthraítear a léiriú go díreach mar chuid den cheanglas clárú agus tabhairt cothrom le dáta a dhéanamh uirthi. Ba cheart an iarraidh a bheith teoranta d’fhaisnéis ar cheart di bheith i seilbh an eintitis chláraithe. Ba cheart ráiteas ar chúiseanna, an fhaisnéis atá á lorg agus na cúiseanna lena hábharthacht, agus faisnéis faoi nósanna imeachta athbhreithnithe bhreithiúnaigh atá ar fáil a bheith in aon iarraidh den sórt sin. Ba cheart na hiarrataí den sórt sin a bheith gan dochar do chumhachtaí na n-údarás náisiúnta imscrúdú a dhéanamh ar aon iompar ar dóigh dó a bheith ina chionta coiriúla mar a fhoráiltear sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Tá an chuntasacht | (44) Tá an chuntasacht |

dhaonlathach ina crann taca i stáit dhaonlathacha a fheidhmíonn go maith. Trí fhoráil a dhéanamh maidir le rochtain na saoránach ar fhaisnéis faoi eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha atá gníomhach sa mhargadh inmheánach, chomh maith leis na heintitis tríú tír a ndéanann siad ionadaíocht dóibh, cuirtear ar chumas saoránach agus páirtithe leasmhara eile leis an Treoir seo a gcearta agus a bhfreagrachtaí daonlathacha a fheidhmiú, lena n-áirítear a gcumas grinnscrúdú daonlathach a dhéanamh agus eolas iomlán acu ar cén leas a bhfuil na gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa ag freastal ar a shon, lena bhféadfaidh iad féin, nó a n-ionadaithe tofa, a nochtadh dóibh. Tacaíonn grinnscrúdú poiblí arna dhéanamh ag saoránaigh agus ag páirtithe leasmhara ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an réimse daonlathach le seiceálacha agus cothromaíochtaí daonlathacha. Tacaíonn cuntasacht dhaonlathach freisin le cumhachtú na saoránach, rud a chuireann ar a gcumas a roghanna daonlathacha a chur in iúl agus a fheidhmiú, lena n-áirítear nuair a chaitheann siad vóta. ***Mar vótálaithe, is cinnteoirí tábhachtacha iad na saoránaigh astu féin, agus d’fhéadfaí spriocdhíriú orthu freisin le haghaidh seirbhísí áirithe ionadaíochta leasa.***

dhaonlathach ina crann taca i stáit dhaonlathacha a fheidhmíonn go maith. Trí fhoráil a dhéanamh maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoi eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha atá gníomhach sa mhargadh inmheánach, chomh maith leis na hurraitheoirí tríú tír a ndéanann siad ionadaíocht dóibh, cuirtear ar chumas saoránach agus páirtithe leasmhara eile leis an Treoir seo a gcearta agus a bhfreagrachtaí daonlathacha a fheidhmiú, lena n-áirítear a gcumas grinnscrúdú daonlathach a dhéanamh agus eolas iomlán acu ar cén leas a bhfuil na gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa ag freastal ar a shon. Mar vótálaithe, is iad na saoránaigh na cinnteoirí is ábhartha. Leis an ngrinnscrúdú poiblí arna dhéanamh ag saoránaigh agus páirtithe leasmhara ar shaincheisteanna a dhéanann difear don réimse daonlathach, tacaítear le seiceálacha agus ceartúcháin dhaonlathacha, feabhsaítear tacaíocht na saoránach agus is féidir leo a roghanna daonlathacha a chur in iúl agus a fheidhmiú ar bhealach níos eolasaí.

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 44 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(44a)Chun rochtain ar fhaisnéis phoiblí a éascú agus chun feabhas a chur ar thrédhearcacht na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha sa mhargadh inmheánach ó lasmuigh den Bhallstát atá freagrach as an gclár náisiúnta, ba cheart, chun críocha na Treorach seo, cláir náisiúnta a idirnascadh trí thairseach lárnach Eorpach um rochtain phoiblí. Chun cur ar fáil don phobal na faisnéise dá bhforáiltear sa Treoir seo a éascú, ba cheart don Choimisiún córas a bhunú lena soláthraítear seirbhís chuardaigh i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 45**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (45) Chun comhréireacht a áirithiú, nuair a chuirtear sonraí pearsanta ar fáil go poiblí, ba cheart é a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach chun saoránaigh, a n-ionadaithe agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha. Ina theannta sin, ba cheart faisnéis faoi na méideanna bliantúla arna ndearbhú a chur ar fáil go poiblí trí úsáid a bhaint as raonta níos | (45) Chun comhréireacht a áirithiú, nuair a chuirtear sonraí pearsanta ar fáil go poiblí, ba cheart é a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach chun saoránaigh, a n-ionadaithe agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann ***urraitheoirí*** tríú tíortha. Ina theannta sin, ba cheart faisnéis faoi na méideanna bliantúla arna ndearbhú a chur ar fáil go poiblí trí úsáid a bhaint as |

| | |
|---|---|
| ginearálta ná na raonta a úsáidtear chun faisnéis a chur isteach i gclár náisiúnta, chun an leibhéal mionsonraí is gá chun saoránaigh, a n-ionadaithe agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas a áirithiú. Níor cheart faisnéis atá ábhartha d’údaráis mhaoirseachta amháin, amhail sonraí teagmhála na ndaoine atá freagrach as eintiteas cláraithe, a chur ar fáil go poiblí. | raonta níos ginearálta ná na raonta a úsáidtear chun faisnéis a chur isteach i gclár náisiúnta, chun an leibhéal mionsonraí is gá chun saoránaigh, a n-ionadaithe agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas a áirithiú. Níor cheart faisnéis atá ábhartha d’údaráis mhaoirseachta amháin, amhail sonraí teagmhála na ndaoine atá freagrach as eintiteas cláraithe, a chur ar fáil go poiblí. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Chun cosaint daoine aonair a áirithiú a d’fhéadfadh a bheith nochta mar gheall ar fhaisnéis shonrach a fhoilsiú ar shárú ar a gcearta bunúsacha, amhail díoltas í i gcoinne daoine aonair atá ag obair d’eintiteas cláraithe a oibríonn i dtríú tír, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na húdaráis mhaoirseachta ábalta, arna iarraidh sin dóibh, srian a chur le foilsiú na faisnéise go léir nó cuid den fhaisnéis a iontráladh sa chlár náisiúnta. Ba cheart don eintiteas cláraithe a léiriú, agus imthosca ábhartha uile na gcásanna aonair á gcur san áireamh, gur cheart srian a chur le foilsiú mar gheall ar leasanna dlisteanacha amhail riosca tromchúiseach go nochtfaidh an duine aonair mar gheall ar fhoilsiú do shárú ar a gcearta bunúsacha go háirithe mar a chosnaítear le hAirteagal 1 (An ceart chun dhínit an duine), le hAirteagal 2 (An ceart chun | (47) Chun cosaint daoine aonair a áirithiú a d’fhéadfadh a bheith nochta mar gheall ar fhaisnéis shonrach a fhoilsiú ar shárú ar a gcearta bunúsacha, amhail díoltas i gcoinne daoine aonair atá ag obair d’eintiteas cláraithe a oibríonn i dtríú tír, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na húdaráis mhaoirseachta ábalta, arna iarraidh sin dóibh nó ar bhonn *ex officio*, srian a chur le foilsiú na faisnéise go léir nó cuid den fhaisnéis a iontráladh sa chlár náisiúnta. Ba cheart don eintiteas cláraithe a léiriú ina iarraidh, agus imthosca ábhartha uile na gcásanna aonair á gcur san áireamh, gur cheart srian a chur le foilsiú mar gheall ar leasanna dlisteanacha amhail riosca go nochtfaidh an duine aonair mar gheall ar fhoilsiú do shárú ar a gcearta bunúsacha, go háirithe mar a chosnaítear le hAirteagal 1 (An ceart chun dhínit an duine), le hAirteagal 2 (An |

| | |
|---|---|
| beatha), le hAirteagal 3 (An ceart chun sláine an duine), le hAirteagal 4 (Toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós mídhaonna nó táireach) nó le hAirteagal 6 (An ceart chun saoirse agus slándáil na Cairte, amhail fuadach, dúmhál, sracadh, ciapadh, foréigean nó imeaglú), nó dá leithéidí rúin trádála. Ba cheart a chur san áireamh san anailís na rioscaí d'iomláine coirp fostaithe, nó aon duine atá ag obair d'eintiteas cláraithe nó atá cleamhnaithe leis. Ba cheart a chumhdach le leasanna dlisteanacha freisin rioscaí do dhaoine a bhaineann tairbhe as gníomhaíochtaí an eintitis chláraithe. Ba cheart cuspóirí na Treorach seo a chur san áireamh in aon chinneadh a dhéanfaidh an t-údarás maoirseachta agus ba cheart an cinneadh sin a bheith réir nósanna imeachta um athbhreithniú breithiúnach i mBallstát an chlárúcháin. Ba cheart cinntí an údaráis maoirseachta agus, i gcás inarb infheidhme, dlínse bhreithiúnach a dhéanamh go pras. Chun go mbeidh a fhios ag an bpobal gur chomhlíon an t-eintiteas cláraithe an ceanglas clárúcháin a bhunaítear leis an Treoir seo i gcás ina ndeonaítear srian ar fhoilsiú, ba cheart nóta a chur in ionad an réimse sonraí sa chlár náisiúnta lena léirítear gur cuireadh teorainn leis an bhfoilsiú ar fhorais leasa dhlisteanaigh. | ceart chun beatha), le hAirteagal 3 (An ceart chun sláine an duine), le hAirteagal 4 (Toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós mídhaonna nó táireach) nó le hAirteagal 6 (An ceart chun saoirse agus slándáil na Cairte, amhail fuadach, dúmhál, sracadh, ciapadh, foréigean nó imeaglú), nó amhail rúin trádála. Ba cheart a chur san áireamh san anailís na rioscaí d'iomláine coirp fostaithe, nó aon duine atá ag obair d'eintiteas cláraithe nó atá cleamhnaithe leis. Ba cheart a chumhdach le leasanna dlisteanacha freisin rioscaí do dhaoine a bhaineann tairbhe as gníomhaíochtaí an eintitis chláraithe. Ba cheart cuspóirí na Treorach seo a chur san áireamh in aon chinneadh a dhéanfaidh an t-údarás maoirseachta agus ba cheart an cinneadh sin a bheith réir nósanna imeachta um athbhreithniú breithiúnach i mBallstát an chlárúcháin. Ba cheart cinntí an údaráis maoirseachta agus, i gcás inarb infheidhme, dlínse bhreithiúnach a dhéanamh go pras. Chun go mbeidh a fhios ag an bpobal gur chomhlíon an t-eintiteas cláraithe an ceanglas clárúcháin a bhunaítear leis an Treoir seo i gcás ina ndeonaítear srian ar fhoilsiú, ba cheart nóta a chur in ionad an réimse sonraí sa chlár náisiúnta lena léirítear gur cuireadh teorainn leis an bhfoilsiú ar fhorais leasa dhlisteanaigh. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Chun stiogmatú an eintitis chláraithe a chosc, ba cheart na sonraí a chuirtear ar fáil go poiblí a chur i láthair ar bhealach fíorasach agus neodrach. Sa bhreis air sin, agus na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo á ndéanamh acu, ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla a áirithiú nach n-eascróidh aon iarmhairt dhíobhálacha díreach mar gheall gur eintiteas cláraithe é an t-eintiteas. Go sonrach, níor cheart ráitis nó forálacha a chur i láthair leis an bhfoilseachán ná níor cheart ráitis nó forálacha a bheith ag gabháil léi lena bhféadfaí timpeallacht drochmheasa a chruthú maidir leis na heintitis chláraithe, atá oiriúnach chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha ó Bhallstáit nó ó thríú tíortha a chur ó dhul i dteagmháil leo nó tacaíocht airgeadais a sholáthar dóibh. Áirítear ar shamplaí de ghníomhaíochtaí stiogmataithe den sórt sin lipéadú diúltach a chur leis na heintitis chláraithe nó ráitis dhímheasúla a dhéanamh lena bhféachtar leis an mbonn a bhaint de chreidiúnacht agus de dhlisteanacht na n-eintiteas cláraithe trína thabhairt le tuiscint go bhfuil eintitis chláraithe ag iarraidh tionchar neamhdhleathach a imirt ar phróisis dhaonlathacha. | (50) Chun stiogmatú an eintitis chláraithe a chosc, ba cheart na sonraí a chuirtear ar fáil go poiblí a chur i láthair ar bhealach fíorasach agus neodrach. Chuige sin, agus na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo á ndéanamh acu, ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla a áirithiú nach n-eascróidh aon iarmhairtí díobhálacha, díreach ná indíreach, as díreach mar gheall gur eintiteas cláraithe é an t-eintiteas. Go sonrach, níor cheart ráitis nó forálacha a chur i láthair leis an bhfoilseachán ná níor cheart ráitis nó forálacha a bheith ag gabháil léi lena bhféadfaí timpeallacht drochmheasa a chruthú maidir leis na heintitis chláraithe, a bhféadfadh idirdhealú ina n-aghaidh a bheith mar thoradh orthu nó a d'fhéadfadh daoine nádúrtha nó dlítheanacha ó Bhallstáit nó ó thríú tíortha a dhíspreagadh ó dhul i dteagmháil leo nó tacaíocht airgeadais a sholáthar dóibh. Áirítear ar shamplaí de ghníomhaíochtaí stiogmataithe den sórt sin lipéadú diúltach a chur leis na heintitis chláraithe nó ráitis dhímheasúla a dhéanamh lena bhféachtar leis an mbonn a bhaint de chreidiúnacht agus de dhlisteanacht na n-eintiteas cláraithe nó d'iompar a ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa trína thabhairt le tuiscint go bhfuil eintitis chláraithe ag iarraidh cur isteach ar phróisis dhaonlathacha. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) I gcás ina gcaitheann tríú tír méideanna an-mhór ar ionadaíocht leasa, nó i gcás ina bhfaigheann eintiteas méideanna an-mhór luacha saothair ó eintiteas tríú tír amháin nó níos mó, is mó seans go mbeadh tionchar rathúil ag na gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar ar roghanna polaitiúla Ballstáit nó an Aontais ina iomláine. I gcásanna den sórt sin, ba cheart údaráis mhaoirseachta a bheith ábalta faisnéis bhreise a iarraidh ar eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha den sórt sin chun grinnscrúdú a dhéanamh ar bhealach níos fearr. | (51) I gcás ina gcaitheann tríú tír méideanna an-mhór ar ionadaíocht leasa, nó i gcás ina bhfaigheann eintiteas méideanna an-mhór luacha saothair ó urraitheoir tríú tír amháin nó ó roinnt urraitheoirí tríú tír, is mó seans go mbeadh tionchar rathúil ag na gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar ar roghanna polaitiúla Ballstáit nó an Aontais ina iomláine. I gcásanna den sórt sin, ba cheart údaráis mhaoirseachta a bheith ábalta faisnéis bhreise a iarraidh ar eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha den sórt sin chun grinnscrúdú a dhéanamh ar bhealach níos fearr. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Chun maoirseacht chomhréireach ar an Treoir seo a áirithiú, ba cheart údaráis mhaoirseachta a bheith ábalta a iarraidh ar eintiteas a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann eintitis tríú tír na taifid is gá a sholáthar chun imscrúdú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh féideartha an cheanglais chlárúcháin a leagtar amach sa Treoir seo. | (52) Chun maoirseacht chomhréireach ar an Treoir seo a áirithiú, ba cheart údaráis mhaoirseachta a bheith ábalta a iarraidh ar eintiteas a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann urraitheoirí tríú tír na taifid is gá a sholáthar chun imscrúdú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh féideartha an cheanglais chlárúcháin a leagtar amach sa Treoir seo. |

| | |
|---|---|
| Chun na críche sin, ba cheart údaráis mhaoirseachta a bheith ábalta gníomhú ar a rún féin nó ar bhonn tuarascála ó sceithire nó ó údarás maoirseachta Ballstáit eile. | Chun na críche sin, ba cheart údaráis mhaoirseachta a bheith ábalta gníomhú ar a rún féin nó ar bhonn tuarascála ó sceithire nó ó údarás maoirseachta Ballstáit eile. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta oibriú i gcomhar le chéile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Ba cheart a éascú leis an gcomhar sin malartú slán gasta faisnéise. Chun críoch a gcúraimí maoirseachta a fheidhmiú, ba cheart údaráis mhaoirseachta a bheith ábalta faisnéis a sholáthraítear sa chlárú a iarraidh ar an údarás maoirseachta i mBallstát an chlárúcháin, lena n-áirítear faisnéis nach bhfuil ar fáil don phobal, agus i gcásanna sonracha na taifid atá á gcoinneáil ag an eintiteas, chomh maith le hanailísí a dhéantar. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta agus an Coimisiún oibriú i gcomhar le chéile chun cur chun feidhme na Treorach a áirithiú. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar mhéid agus ar dháileadh fhoriomlán na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha san Aontas. Ba cheart an Coimisiún a bheith ábalta sonraí comhiomlána a iarraidh ar údaráis mhaoirseachta bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn eintitis a dhéanann ionadaíocht leasa ***a*** | (53) Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta oibriú i gcomhar le chéile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Ba cheart a éascú leis an gcomhar sin malartú slán gasta faisnéise. Chun críoch a gcúraimí maoirseachta a fheidhmiú, ba cheart údaráis mhaoirseachta ***i mBallstáit eile*** a bheith ábalta faisnéis a sholáthraítear sa chlárú a iarraidh ar an údarás maoirseachta i mBallstát an chlárúcháin, lena n-áirítear faisnéis nach bhfuil ar fáil don phobal, agus i gcásanna sonracha na taifid atá á gcoinneáil ag an eintiteas, chomh maith le hanailísí a dhéantar. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta agus an Coimisiún oibriú i gcomhar le chéile chun cur chun feidhme na Treorach a áirithiú. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar mhéid agus ar dháileadh fhoriomlán na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha san Aontas. Ba cheart an Coimisiún a bheith ábalta sonraí comhiomlána a iarraidh ar údaráis mhaoirseachta bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn eintitis a dhéanann ionadaíocht |

| | |
|---|---|
| ***dhéantar*** thar ceann ***eintitis*** tríú tír ina gclárú. Chun faireachán cuimsitheach a dhéanamh ar mhódúlachtaí agus ar ghnéithe na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa ***a dhéantar*** thar ceann tríú tíortha a dhéantar ***san Aontas,*** féadfar a áireamh sna sonraí comhiomlána sin faisnéis nach bhfuil ar fáil go poiblí sna cláir lena n-áirítear sonraí pearsanta a mhéid is gá chun faireachán éifeachtach a áirithiú. | leasa a dhéantar thar ceann ***urraitheoirí*** tríú tír ina gclárú. Chun faireachán cuimsitheach a dhéanamh ar mhódúlachtaí agus ar ghnéithe na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar ***san Aontas*** thar ceann tríú tíortha, féadfar a áireamh sna sonraí comhiomlána sin faisnéis nach bhfuil ar fáil go poiblí sna cláir lena n-áirítear sonraí pearsanta a mhéid is gá chun faireachán éifeachtach a áirithiú. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Chun ***an t-ualach*** riaracháin ***a theorannú tuilleadh,*** déantar comhar riaracháin agus malartuithe faisnéise idir na húdaráis náisiúnta, chomh maith leis na húdaráis mhaoirseachta agus an Coimisiún trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('córas IMI') a bunaíodh le Rialachán (AE) 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh comhar riaracháin idir údaráis inniúla na mBallstát i réimsí beartais a bhaineann leis an Margadh Aonair. Ba cheart idir-inoibritheacht chóras IMI agus na gclár náisiúnta a áirithiú i gcomhréir leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta. | (54) ***Le húsáid uirlisí digiteacha arna bhforbairt laistigh den mhargadh inmheánach ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, feabhsaítear trédhearcacht agus muinín i soláthar seirbhísí trasteorann agus cuirtear teorainn leis an ualach*** riaracháin ***trí chomhordú, comhar agus cumarsáid a cheadú idir na húdaráis ábhartha ar an leibhéal náisiúnta.*** Déantar comhar riaracháin agus malartuithe faisnéise idir na húdaráis náisiúnta, chomh maith leis na húdaráis mhaoirseachta agus an Coimisiún trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('córas IMI') a bunaíodh le Rialachán (AE) 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh comhar riaracháin idir údaráis inniúla na mBallstát i |

| | |
|---|---|
| | réimsí beartais a bhaineann leis an Margadh Aonair. Ba cheart, ***dá bhrí sin,*** idir-inoibritheacht chóras IMI agus na gclár náisiúnta a áirithiú i gcomhréir leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta. |
| __________________ | __________________ |
| [7] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún ('Rialachán IMI') ( IO L 316, 14.11.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1024/oj). | [7] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún ('Rialachán IMI') ( IO L 316, 14.11.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1024/oj). |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) Chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún lena chúram comhar éifeachtach a áirithiú idir na húdaráis inniúla náisiúnta, agus chun an Treoir seo a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, ba cheart grúpa comhairleach a bhunú. Ba cheart ionadaí ó údaráis mhaoirseachta gach Ballstáit a bheith sa ghrúpa comhairleach. Ba cheart don ghrúpa comhairleach comhairle a thabhairt maidir le cur chun feidhme na Treorach, lena n-áirítear maidir leis an gceanglas a | (55) Chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún lena chúram comhar éifeachtach a áirithiú idir na húdaráis inniúla náisiúnta, agus chun an Treoir seo a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, ba cheart grúpa comhairleach a bhunú. Ba cheart ionadaí ó údaráis mhaoirseachta gach Ballstáit a bheith sa ghrúpa comhairleach. Ba cheart don ghrúpa comhairleach comhairle a thabhairt maidir le cur chun feidhme na Treorach, lena n-áirítear maidir leis an gceanglas a |

sheachaint go mbeadh iarmhairtí díobhálacha ann díreach mar gheall go bhfuil an t-eintiteas cláraithe de bhun na gceanglas a leagtar síos sa Treoir seo. Ba cheart dó tuairimí, moltaí nó tuarascálacha a ghlacadh ar cheart do na húdaráis náisiúnta inniúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit iad a phoibliú. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'eintitis a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme na Treorach, ba cheart don ghrúpa comhairleach, go háirithe, comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le treoir fhéideartha maidir le raon feidhme na Treorach, ***coincheap an eintitis tríú tír,*** agus gníomhaíochtaí arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht imchéimniú a dhéanamh ar oibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart comhar a áirithiú de réir mar is iomchuí le líonra an Aontais in aghaidh an éillithe.

sheachaint go mbeadh iarmhairtí díobhálacha ann díreach mar gheall go bhfuil an t-eintiteas cláraithe de bhun na gceanglas a leagtar síos sa Treoir seo. Ba cheart dó tuairimí, moltaí nó tuarascálacha a ghlacadh ar cheart do na húdaráis náisiúnta inniúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit iad a phoibliú. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'eintitis a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme na Treorach, ba cheart don ghrúpa comhairleach, go háirithe, comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le treoir fhéideartha maidir le raon feidhme na Treorach, agus gníomhaíochtaí arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht imchéimniú a dhéanamh ar oibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart comhar a áirithiú de réir mar is iomchuí le líonra an Aontais in aghaidh an éillithe.

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) ***Ba cheart toirmeasc a chur ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon turas, i*** ngníomhaíochtaí ***arb é is cuspóir nó éifeacht leo imchéimniú a dhéanamh*** ar oibleagáidí ***sa*** Treoir seo, ***go háirithe ceanglais chlárúcháin***. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin luach saothair faoi cheilt ar sheirbhís ionadaíochta, cuideachtaí a bhunú d'fhonn naisc le rialtais tríú tír a dhoiléiriú, nó dáileadh saorga gníomhaíochtaí ar fud eintitis | (58) ***D'fhéadfadh*** gníomhaíochtaí ***faoi leith*** a bheith ann ***as a dtiocfadh imchéimniú na*** n-oibleagáidí ***faoin*** Treoir seo. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin luach saothair faoi cheilt ar sheirbhís ionadaíochta, cuideachtaí a bhunú d'fhonn naisc le rialtais tríú tír a dhoiléiriú, nó dáileadh saorga gníomhaíochtaí ar fud eintitis iomadúla d'fhonn na tairseacha a bhunaítear leis an Treoir seo a laghdú. ***Dá bhrí sin, ba cheart*** |

iomadúla d’fhonn na tairseacha a bhunaítear leis an Treoir seo a laghdú.

***do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar na gníomhaíochtaí imchéimnithe sin ina gcur chun feidhme maidir leis an Treoir seo.***

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) Chun cosc a chur le neamhchomhlíonadh cheanglais na Treorach seo agus chun smachtbhannaí a ghearradh ina leith sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ngabhfaidh ***fíneálacha*** riaracháin éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha le haon sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo. Níor cheart na smachtbhannaí a bheith de chineál coiriúil. Ba cheart cineál, atarlú agus fad an tsáraithe a chur san áireamh sna smachtbhannaí i bhfianaise an leasa phoiblí atá i gceist, raon feidhme agus chineál na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh, agus acmhainn eacnamaíoch an eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa. Ba cheart na smachtbhannaí a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach i ngach cás aonair, agus urraim chuí á tabhairt do chearta bunúsacha lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhlachais, saoirse acadúil agus saoirse taighde eolaíoch, coimircí agus rochtain ar leigheasanna éifeachtacha, lena n-áirítear an | (59) Chun cosc a chur le neamhchomhlíonadh cheanglais na Treorach seo agus chun smachtbhannaí a ghearradh ina leith sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ngabhfaidh ***smachtbhannaí*** riaracháin éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha ag gabháil le haon sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo, ***lena n-áirítear clárú sa chlár náisiúnta a chur ar fionraí go sealadach. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí coiriúla ná dá mbrath, dá n-imscrúdú, dá maoirseacht ar ionchúiseamh agus dá smachtbhannaí mar a bhunaítear faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais, amhail na cinn a bhaineann le héilliú,*** níor cheart na smachtbhannaí a bheith de chineál coiriúil. Ba cheart cineál, atarlú agus fad an tsáraithe a chur san áireamh sna smachtbhannaí i bhfianaise an leasa phoiblí atá i gceist, raon feidhme agus chineál na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh, agus acmhainn eacnamaíoch an eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa. Ba cheart na |

| | |
|---|---|
| ceart chun éisteacht a fháil. Ba cheart dóibh réamhrabhadh arna eisiúint ag údarás maoirseachta a leanúint, seachas i gcás inarb ionann sárú den sórt sin agus sárú ar an toirmeasc ar imchéimniú. | smachtbhannaí a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach i ngach cás aonair, agus urraim chuí á tabhairt do chearta bunúsacha lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhlachais, saoirse acadúil agus saoirse taighde eolaíoch, coimircí agus rochtain ar leigheasanna éifeachtacha, lena n-áirítear an ceart chun éisteacht a fháil. Ba cheart dóibh réamhrabhadh arna eisiúint ag údarás maoirseachta a leanúint, seachas i gcás inarb ionann sárú den sórt sin agus sárú ar an toirmeasc ar imchéimniú. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (60) Chun leasú a dhéanamh ar na tairseacha chun tuilleadh faisnéise a iarraidh, chun liosta na faisnéise atá le soláthar agus iarraidh ar chlárú á cur isteach a mhodhnú, ***agus*** chun liosta na faisnéise atá le cur san áireamh sna tuarascálacha arna bhfoilsiú ag na Ballstáit a mhodhnú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail | (60) Chun leasú a dhéanamh ar na tairseacha chun tuilleadh faisnéise a iarraidh, chun liosta na faisnéise atá le soláthar agus iarraidh ar chlárú á cur isteach a mhodhnú, agus chun liosta na faisnéise atá le cur san áireamh sna tuarascálacha arna bhfoilsiú ag na Ballstáit a mhodhnú***, agus chun na sonraíochtaí teicniúla, na bearta teicniúla, na critéir agus na modhanna íosta, agus na coinníollacha teicniúla maidir leis an tairseach lárnach rochtana poiblí a leagan amach,*** ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, |

| | |
|---|---|
| a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |
| __________________<br>[9] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj | __________________<br>[9] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 63**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (63) Go háirithe, tacaíonn córas ar leibhéal an Aontais le húdaráis náisiúnta inniúla ina bhfeidhmeanna maoirseachta agus le páirtithe leasmhara eile a ról sa phróiseas daonlathach a fheidhmiú agus athléimneacht fhoriomlán na stát daonlathach san Aontas i leith cur isteach ó thríú tíortha a mhéadú. Tá breisluach i gceist ó aghaidh a thabhairt ar thrédhearcacht na | (63) Go háirithe, tacaíonn córas ar leibhéal an Aontais le húdaráis náisiúnta inniúla ina bhfeidhmeanna maoirseachta agus le páirtithe leasmhara eile a ról sa phróiseas daonlathach a fheidhmiú agus athléimneacht fhoriomlán na stát daonlathach san Aontas i leith cur isteach ó thríú tíortha a mhéadú. Tá breisluach i gceist ó aghaidh a thabhairt ar thrédhearcacht na |

| | |
|---|---|
| ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha ***chun tionchar a imirt ar*** leibhéal an Aontais, toisc go n-éilítear le cineál trasteorann dóchúil na ngníomhaíochtaí sin cur chuige comhordaithe ar fud leibhéil agus earnálacha éagsúla. Trí chomhoibriú agus trí fhaisnéis a chomhroinnt, is féidir leis na Ballstáit tuiscint níos fearr a fháil ar mhéid an fheiniméin, agus mar gheall air sin ní bheidh tríú tíortha ábalta leas a bhaint as difríochtaí rialála nó as bearnaí. | ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha ar leibhéal an Aontais, toisc go n-éilítear le cineál trasteorann dóchúil na ngníomhaíochtaí sin cur chuige comhordaithe ar fud leibhéil agus earnálacha éagsúla. Trí chomhoibriú agus trí fhaisnéis a chomhroinnt, is féidir leis na Ballstáit tuiscint níos fearr a fháil ar mhéid an fheiniméin, agus mar gheall air sin ní bheidh tríú tíortha ábalta leas a bhaint as difríochtaí rialála nó as bearnaí. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (64) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit féachaint leis an ualach riaracháin ar na heintitis lena mbaineann a íoslaghdú, ***agus*** go háirithe ar ***an ualach riaracháin ar*** mhicreafhiontair, ar fhiontair bheaga agus ar fhiontair mheánmhéide de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairl[10]. | (64) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ***ba cheart do na Ballstáit ceanglais a leagan síos ar bhealach soiléir agus gonta, lena n-áiritheofar deimhneacht dhlíthiúil agus nósanna imeachta clárúcháin intuartha, agus*** ba cheart dóibh féachaint leis an ualach riaracháin ar na heintitis lena mbaineann a íoslaghdú, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. |
| [10] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus | [10] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus |

| | |
|---|---|
| tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj). | tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj). |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (65) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679[11] agus Rialachán (AE) 2018/1725[12] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs na Treorach seo, lena n-áirítear próiseáil sonraí pearsanta chun an clár náisiúnta nó na cláir náisiúnta a choinneáil ar bun maidir le heintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann ***eintitis*** tríú tír, chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta sa chlár náisiúnta nó sna cláir náisiúnta sin agus chun sonraí pearsanta a mhalartú i gcomhthéacs an chomhair riaracháin agus an chúnaimh fhrithpháirtigh idir na Ballstáit faoin Treoir seo, lena n-áirítear úsáid a bhaint as IMI, agus taifid a choinneáil i gcomhréir le hoibleagáidí na Treorach seo maidir le taifid a choinneáil. Aon phróiseáil a dhéanfar ar shonraí pearsanta chun na gcríoch sin, ba cheart di, | (65) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679[11] agus Rialachán (AE) 2018/1725[12] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs na Treorach seo, lena n-áirítear próiseáil sonraí pearsanta chun an clár náisiúnta nó na cláir náisiúnta a choinneáil ar bun maidir le heintitis a dhéanann gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa thar ceann ***urraitheoirí*** tríú tír, chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta sa chlár náisiúnta nó sna cláir náisiúnta sin agus chun sonraí pearsanta a mhalartú i gcomhthéacs an chomhair riaracháin agus an chúnaimh fhrithpháirtigh idir na Ballstáit faoin Treoir seo, lena n-áirítear úsáid a bhaint as IMI, agus taifid a choinneáil i gcomhréir le hoibleagáidí na Treorach seo maidir le taifid a choinneáil. Aon phróiseáil a dhéanfar ar shonraí pearsanta chun na gcríoch sin, ba |

i measc nithe eile, prionsabail an íoslaghdaithe sonraí, an chruinnis sonraí agus an teorannaithe stórála a chomhlíonadh agus na ceanglais maidir le hionracas agus rúndacht sonraí a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit na bearta a shuí lena n-áirithítear próiseáil dhleathach agus shlán i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta atá ina gclár náisiúnta nó ina gcláir náisiúnta, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta.

---

[11] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

[12] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

cheart di, i measc nithe eile, prionsabail an íoslaghdaithe sonraí, an chruinnis sonraí agus an teorannaithe stórála a chomhlíonadh agus na ceanglais maidir le hionracas agus rúndacht sonraí a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit na bearta a shuí lena n-áirithítear próiseáil dhleathach agus shlán i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta atá ina gclár náisiúnta nó ina gcláir náisiúnta, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta.

---

[11] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

[12] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an ***XXXX***[15] ***,*** | (69) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an ***6 Feabhra 2024.*** |

***15 XXXX.***

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Cuspóir agus aidhm*** | ***Ábhar agus cuspóirí*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Treoir seo, leagtar síos ceanglais chomhchuibhithe i ndáil le ***gníomhaíochtaí eacnamaíocha*** ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann ***eintitis*** tríú tír, d'fhonn ***feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí leibhéal comhchoiteann trédhearcachta a bhaint*** | Leagtar síos leis an Treoir seo ceanglais chomhchuibhithe i ndáil le ***gníomhaíochtaí*** ionadaíochta leasa ***de chineál eacnamaíoch*** a dhéantar thar ceann ***urraitheoir*** tríú tír, d'fhonn ***tionchar a imirt ar fhorbairt, ar fhoirmliú agus ar chur chun feidhme beartas, dlí nó próiseas cinnteoireachta poiblí san*** Aontas. |

***amach ar fud*** an Aontais.

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Is é is aidhm*** don Treoir seo an trédhearcacht sin a bhaint amach ***ar bhealach nach*** gcruthófar timpeallacht drochmheasa chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha ó Bhallstáit nó ó thríú tíortha a chur ó dhul i dteagmháil le heintitis a dhéanann ionadaíocht leasa thar ceann ***eintitis*** tríú tír nó tacaíocht airgeadais a sholáthar dóibh. | Is iad ***cuspóirí*** na Treorach seo ná ***feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa agus leibhéal comhchoiteann*** trédhearcachta ***agus cuntasacht dhaonlathach*** a bhaint amach ***i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin ar fud an Aontais gan*** timpeallacht drochmheasa a chruthú ***a d'fhéadfadh*** a bheith ina cúis le daoine nádúrtha nó dlítheanacha ó Bhallstáit nó ó thríú tíortha a chur ó dhul i dteagmháil le heintitis a dhéanann tacaíocht airgeadais a sholáthar d'eintitis a dhéanann ***gníomhaíochtaí*** ionadaíochta leasa thar ceann ***urraitheoir*** tríú tír. ***Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh aon srian ar chearta bunúsacha mar thoradh ar chomhlíonadh na Treorach seo.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'gníomhaíocht ionadaíochta leasa' gníomhaíocht a dhéantar d'fhonn tionchar a | (1) ciallaíonn 'gníomhaíocht ionadaíochta leasa' gníomhaíocht a dhéantar d'fhonn tionchar a |

| | |
|---|---|
| imirt ar fhorbairt, ar cheapadh nó ar chur chun feidhme ***beartais nó*** reachtaíochta nó ar phróisis chinnteoireachta poiblí san Aontas***, a d'fhéadfaí a dhéanamh*** go háirithe trí chruinnithe, comhdhálacha nó imeachtaí a eagrú nó páirt a ghlacadh iontu, trí rannchuidiú le comhairliúcháin nó le héisteachtaí parlaiminteacha nó trí pháirt a ghlacadh iontu, trí fheachtais chumarsáide nó fógraíochta a eagrú, trí ***líonraí agus tionscnaimh phobail a eagrú,*** trí pháipéir bheartais agus seasaimh a ullmhú, trí leasuithe reachtacha, pobalbhreitheanna, suirbhéanna nó litreacha oscailte***, nó trí ghníomhaíochtaí i gcomhthéacs an taighde agus an oideachais, i gcás ina ndéantar iad agus arb é sin is cuspóir leo;*** | imirt ar fhorbairt, ar cheapadh nó ar chur chun feidhme ***beartas, dlí,*** nó ar phróisis chinnteoireachta poiblí san Aontas trí: |
| | - cruinnithe, comhdhálacha nóimeachtaí a eagrú nó rannpháirt a ghlacadh iontu***;*** |
| | - rannchuidiú le comhairliúcháin nó éisteachtaí parlaiminteacha nó rannpháirt a ghlacadh iontu***;*** |
| | **-** feachtais chumarsáide nó fógraíochta a eagrú, ***lena n-áirítear ar ardáin dhigiteacha nó trí na meáin shóisialta; nó*** |
| | - páipéir bheartais agus sheasaimh, leasuithe reachtacha, pobalbhreitheanna, suirbhéanna nó litreacha oscailte a ullmhú; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (2) ciallaíonn ‘seirbhís ionadaíochta leasa’ gníomhaíocht ionadaíochta leasa a thugtar de ghnáth ar luach saothair, ***dá dtagraítear in*** Airteagal 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; | (2) ciallaíonn ‘seirbhís ionadaíochta leasa’ gníomhaíocht ionadaíochta leasa a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair ***agus, dá bhrí sin, is seirbhís í de réir bhrí*** Airteagal 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ***(CFAE);*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (4) ciallaíonn ‘***eintiteas*** tríú tír’: | (4) ciallaíonn ‘***urraitheoir*** tríú tír’: |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (b) eintiteas poiblí nó príobháideach ar féidir a ghníomhaíochtaí a chur i leith ***eintitis*** dá dtagraítear i bpointe (a), agus na himthosca iomchuí ar fad á gcur san áireamh; | (b) eintiteas poiblí nó príobháideach ar féidir a ghníomhaíochtaí a chur i leith ***urraitheora*** dá dtagraítear i bpointe (a), agus na himthosca iomchuí ar fad á gcur san áireamh, ***amhail cumas an urraitheora tionchar cinntitheach a imirt nó rialú deiridh a dhéanamh ar an eintiteas;*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an luach saothair bliantúil iomlán a fhaightear ó ***eintiteas*** tríú tír as seirbhís ionadaíochta leasa a sholáthar, arb é atá i gceist léi, i gcás gur luach saothair neamhairgeadais é an luach saothair, a luach measta; nó | (a) an luach saothair bliantúil iomlán a fhaightear ó ***urraitheoir*** tríú tír as seirbhís ionadaíochta leasa a sholáthar, arb é atá i gceist léi, i gcás gur luach saothair neamhairgeadais é an luach saothair, a luach measta; nó |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) ciallaíonn 'an t-údarás atá freagrach as an gclár náisiúnta' an t-údarás poiblí nó an comhlacht poiblí atá freagrach as clár náisiúnta a choinneáil ar bun dá dtagraítear in Airteagal 9 agus as clárúcháin a chuirtear isteach de bhun na Treorach seo a phróiseáil; | (9) ciallaíonn 'an t-údarás atá freagrach as an gclár náisiúnta' an t-údarás poiblí ***neamhspleách*** nó an comhlacht poiblí neamhspleách atá freagrach as clár náisiúnta a choinneáil ar bun dá dtagraítear in Airteagal 9 agus as clárúcháin a chuirtear isteach de bhun na Treorach seo a phróiseáil; |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) seirbhís ionadaíochta leasa a sholáthraítear ***d'eintiteas*** tríú tír; | (a) seirbhís ionadaíochta leasa a sholáthraítear ***d'urraitheoir*** tríú tír; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gníomhaíocht ionadaíochta leasa a dhéanann ***eintiteas*** tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (b), a bhaineann le gníomhaíochtaí de chineál eacnamaíoch nó a ionadaíonn gníomhaíochtaí de chineál eacnamaíoch agus atá, dá bhrí sin, inchomparáide le seirbhís ionadaíochta leasa mar a thagraítear i bpointe (a) den mhír seo. | (b) gníomhaíocht ionadaíochta leasa a dhéanann ***urraitheoir*** tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (b), a bhaineann le gníomhaíochtaí de chineál eacnamaíoch nó a ionadaíonn gníomhaíochtaí de chineál eacnamaíoch agus atá, dá bhrí sin, inchomparáide le seirbhís ionadaíochta leasa mar a thagraítear i bpointe (a) den mhír seo. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gníomhaíochtaí a dhéanann ***eintiteas*** tríú tír go díreach dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (a), a bhfuil baint acu le feidhmiú údaráis oifigiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú an chaidrimh taidhleoireachta nó chonsalachta idir Stáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta; | (a) gníomhaíochtaí a dhéanann ***urraitheoir*** tríú tír go díreach dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (a), a bhfuil baint acu le feidhmiú údaráis oifigiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú an chaidrimh taidhleoireachta nó chonsalachta idir Stáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) soláthar seirbhísí meán mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ná soláthar seirbhísí meán closamhairc mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (1) de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) comhairle a thabhairt ***d'eintiteas*** tríú tír chun cuidiú leis a áirithiú go gcomhlíonfaidh a ghníomhaíochtaí na ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana; | (i) comhairle a thabhairt ***d'urraitheoir*** tríú tír chun cuidiú leis a áirithiú go gcomhlíonfaidh a ghníomhaíochtaí na ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana; |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ionadaíocht ***d'eintitis*** tríú tír i gcomhthéacs nós imeachta idir-réitigh nó idirghabhála arb é is aidhm dó nach dtabharfar díospóid os comhair comhlacht bhreithiúnach nó riaracháin nó dtabharfar breith air; | (ii) ionadaíocht d'***urraitheoir*** tríú tír i gcomhthéacs nós imeachta idir-réitigh nó idirghabhála arb é is aidhm dó nach dtabharfar díospóid os comhair comhlacht bhreithiúnach nó riaracháin nó dtabharfar breith air; |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) ionadaíocht ***d'eintitis*** tríú tír in imeachtaí dlíthiúla; | (iii) ionadaíocht ***d'urraitheoirí*** tríú tír in imeachtaí dlíthiúla; |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa arna ndéanamh ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta arb iad a gcuspóirí reachtúla leas an phobail nó cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear cearta an duine, i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha, ar choinníoll nach soláthraítear na gníomhaíochtaí sin d'urraitheoir tríú tír mar sheirbhís de réir bhrí Airteagal 57 CFAE nó nach eagraíochtaí na sochaí sibhialta a ghníomhaíonn mar urraitheoirí tríú tír faoin Treoir seo a dhéanann iad.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní choinneoidh na Ballstáit forálacha ar bun ná ní thabharfaidh siad forálacha isteach, i gcás gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo***, ar forálacha atá difriúil leis na cinn a leagtar síos sa*** Treoir seo, lena n-áirítear ***forálacha a bheadh níos déine nó nach mbeadh chomh dian céanna chun leibhéal trédhearcachta éagsúil na ngníomhaíochtaí sin a áirithiú.*** | Ní dhéanfaidh na Ballstáit forálacha ***nach bhfuil chomh dian céanna leis na forálacha dá bhforáiltear sa Treoir seo*** a choinneáil ar bun ná a thabhairt isteach, le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. ***Agus an Treoir seo á trasuí agus á cur chun feidhme*** acu, ***áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar an Chairt um Chearta Bunúsacha,*** lena n-áirítear ***an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an ceart chun saoirse comhthionóil agus comhlachais, an ceart chun saoirse taighde eolaíoch, lena n-áirítear an tsaoirse acadúil, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun leigheas éifeachtach agus an tsaoirse fiontraíochta.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an deis ag soláthraithe seirbhísí ionadaíochta leasa a cheangal ar an ***eintiteas*** a soláthraítear an tseirbhís thar a cheann a dhearbhú an ***eintiteas*** tríú tír é. | Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an deis ag soláthraithe seirbhísí ionadaíochta leasa a cheangal ar an ***urraitheoir*** a soláthraítear an tseirbhís thar a cheann a dhearbhú an ***urraitheoir*** tríú tír é. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireoidh eintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), ina socruithe conarthacha le fochonraitheoirí, an fhaisnéis go dtagann an ghníomhaíocht ionadaíochta leasa faoi raon feidhme Airteagal 3(1), chomh maith le hoibleagáid faisnéis den sórt sin a chur ar aghaidh chuig aon fhochonraitheoir eile. ***Ní bheidh ar fhochonraitheoirí a cuireadh ar an eolas amhlaidh cloí le*** ceanglais ***Airteagail 7,*** 8, 10 agus 11 i ndáil leis an ngníomhaíocht ionadaíochta leasa a dhéantar ***faoin gconradh ina gcuimsítear an fhaisnéis sin.*** | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireoidh eintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1) ***ar príomhchonraitheoirí iad***, ina socruithe conarthacha le fochonraitheoirí, an fhaisnéis go dtagann an ghníomhaíocht ionadaíochta leasa faoi raon feidhme Airteagal 3(1), chomh maith le hoibleagáid faisnéis den sórt sin a chur ar aghaidh chuig aon fhochonraitheoir eile. ***I gcás inar cuireadh faisnéis den sórt sin san áireamh, beidh na*** fochonraitheoirí ***agus na fochonraitheoirí breise díolmhaithe ó*** cheanglais Airteagal 8, Airteagal 10 agus Airteagal 11 i leith na gníomhaíochta ionadaíochta leasa a dhéantar ***fúthu.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh an fochonraitheoir an tseirbhís ionadaíochta leasa a ligean amach ar fochonradh eile, ***go gcuirfidh sé*** an príomhchonraitheoir nó, i gcás inarb infheidhme, an fochonraitheoir óna bhfuair sé an conradh chun an ghníomhaíocht ionadaíochta leasa a chur i gcrích ***ar an eolas*** gur ligeadh an ghníomhaíocht ionadaíochta leasa | 2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh an fochonraitheoir an tseirbhís ionadaíochta leasa a ligean amach ar fochonradh eile, go ***gcuirfidh*** sé an príomhchonraitheoir nó, i gcás inarb infheidhme, an fochonraitheoir óna bhfuair sé an conradh chun an ghníomhaíocht ionadaíochta leasa a chur i gcrích ar an eolas gur ligeadh an ghníomhaíocht ionadaíochta leasa |

| | |
|---|---|
| ar fochonradh eile ***agus*** go n-áiritheofar go gcuimseofar sna socruithe conarthacha an fhaisnéis go dtagann an ghníomhaíocht ionadaíochta leasa faoi raon feidhme Airteagal 3(1). | ar fochonradh eile. ***Áiritheoidh na Ballstáit freisin*** go n-áireofar sna socruithe conarthacha an fhaisnéis go dtagann an ghníomhaíocht ionadaíochta leasa faoi raon feidhme Airteagal 3(1). |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh an fochonraitheoir an fhaisnéis is gá don phríomhchonraitheoir nó, i gcás inarb infheidhme, ***don*** fhochonraitheoir chun ceanglais Airteagal 10 a chomhlíonadh. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh an fochonraitheoir an fhaisnéis is gá don phríomhchonraitheoir nó, i gcás inarb infheidhme, d'fhochonraitheoir ***eile*** chun ceanglais Airteagal 10 a chomhlíonadh. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 7*** | ***scriosta*** |
| ***Taifid a choinneáil*** | |
| ***1. Maidir le gach gníomhaíocht ionadaíochta leasa a thagann faoi raon feidhme an Airteagail sin, áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh eintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1) taifid maidir leis an méid seo a leanas:*** | |
| ***(a) aitheantas nó ainm an eintitis tríú tír a ndéantar an ghníomhaíocht thar a cheann,*** | |

*chomh maith le hainm an tríú tír a ndéantar ionadaíocht dá leasanna;*

*(b) tuairisc ar chuspóir na gníomhaíochta ionadaíochta leasa;*

*(c) conarthaí agus príomh-mhalartuithe leis an eintiteas tríú tír atá fíor-riachtanach chun tuiscint a fháil ar chineál agus ar chuspóir na gníomhaíochta ionadaíochta leasa, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na taifid ar mhodhanna agus ar mhéid aon luach saothair;*

*(d) faisnéis nó ábhar atá ina phríomh-chomhpháirt den ghníomhaíocht ionadaíochta leasa.*

*2. Maidir le heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh siad na taifid dá dtagraítear i mír 1 ar feadh 4 bliana i ndiaidh deireadh a bheith leis an ngníomhaíocht ionadaíochta leasa i dtrácht.*

*3. Maidir le heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh siad an méid seo a leanas a tharraingt anuas ar bhonn bliantúil:*

*(a) liosta de na heintitis tríú tír go léir ar chuir siad gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa i gcrích thar a gceann sa bhliain airgeadais roimhe sin;*

*(b) liosta den mhéid bliantúil comhiomlánaithe a fuarthas i ndáil leis na gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 3(1) sa bhliain airgeadais roimhe sin in aghaidh an tríú tír.*

***4. Maidir leis na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh taifid ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3 ar feadh 4 bliana.***

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar an t-ionadaí dlíthiúil a chur faoi dhliteanas mar gheall ar neamhchomhlíonadh oibleagáidí faoin Treoir seo arna dhéanamh ag an eintiteas dá ndéanann sé ionadaíocht, gan dochar don dliteanas ná do chaingne dlí a d'fhéadfaí a thionscnamh in aghaidh an eintitis sin.*** Maidir le heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh siad na cumhachtaí is gá agus na hacmhainní leordhóthanacha dá n-ionadaí dlíthiúil chun comhar éifeachtúil tráthúil le húdaráis inniúla na mBallstát a ráthú, agus lena áirithiú go gcomhlíonfar a gcinntí. | 3. Maidir le heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh siad na cumhachtaí is gá agus na hacmhainní leordhóthanacha dá n-ionadaí dlíthiúil chun comhar éifeachtúil tráthúil le húdaráis inniúla na mBallstát a ráthú, agus lena áirithiú go gcomhlíonfar a gcinntí. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is iad na húdaráis atá freagrach as na cláir náisiúnta a | 2. Déanfaidh údaráis ***neamhspleácha*** atá freagrach as |

| | |
|---|---|
| chothóidh an clár náisiúnta nó, de réir mar is ábhartha, na cláir. Chun sonraí pearsanta a phróiseáil, feidhmeoidh na húdaráis sin mar rialaitheoirí de réir bhrí Airteagal 4, pointe (7) de Rialachán (AE) 2016/679. | na cláir náisiúnta an clár náisiúnta nó, de réir mar is ábhartha, na cláir a choinneáil ar bun ***i gcomhréir le hAirteagal 15 den Treoir seo. Beidh na cláir náisiúnta idir-inoibritheach eatarthu féin.*** Chun sonraí pearsanta a phróiseáil, feidhmeoidh na húdaráis sin mar rialaitheoirí de réir bhrí Airteagal 4, pointe (7) de Rialachán (AE) 2016/679. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 9a*** |
| | ***Tairseach lárnach rochtana poiblí*** |
| | ***1. Bunóidh an Coimisiún tairseach lárnach rochtana poiblí mar chóras díláraithe d'idirnascadh na gclár náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 9.*** |
| | ***2. Áireofar sa chóras dá dtagraítear i mír 1 tairseach ghréasáin a fheidhmíonn mar lárphointe leictreonach rochtana don phobal ar fhaisnéis sa chóras. Cuirfidh an tairseach ghréasáin seirbhís cuardaigh ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais chun go n-éascófar an fhaisnéis a chur ar fáil don phobal dá dtagraítear in Airteagal 12(1).*** |
| | ***3. Chun sonraí pearsanta a phróiseáil, feidhmeoidh an Coimisiún mar rialaitheoir de*** |

*réir bhrí Airteagal 4, pointe (7), de Rialachán (AE) 2016/679.*

*4. Faoin [bliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas a leagan amach:*

*(a) na sonraíochtaí teicniúla lena gcinntear na modhanna agus na modhanna cumarsáide don chóras lena n-áirithítear idirnascadh agus idir-inoibritheacht na gclár náisiúnta;*

*(b) na bearta teicniúla ar a bhfuil na híoschaighdeáin slándála teicneolaíochta faisnéise is infheidhme maidir le faisnéis a chur in iúl agus a dháileadh laistigh den chóras lena n-áirithítear idirnascadh na gclár náisiúnta bunaithe;*

*(c) íoschritéir don tseirbhís cuardaigh agus do chur i láthair thorthaí na gcuardach sin, atá le soláthar ag an tairseach Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 12(1); agus*

*(d) na modhanna agus na coinníollacha teicniúla chun na seirbhísí arna soláthar ag an gcóras a chur ar fáil lena n-áirithítear na cláir náisiúnta a idirnascadh.*

*5. Beidh an córas dá dtagraítear i mír 1 nasctha leis an Tairseach Aonair Dhigiteach arna bunú faoi Rialachán (AE) (2018/1724).*

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le heintiteas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) atá bunaithe i gcríoch Ballstát, áiritheoidh na Ballstáit go gcláróidh sé i gclár náisiúnta ar a dhéanaí ***nuair a chuirfear tús leis na*** gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa. | Maidir le ***gach*** eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) atá bunaithe i gcríoch Ballstát, áiritheoidh na Ballstáit go gcláróidh sé i gclár náisiúnta ar a dhéanaí ***sula gcuirfear tús*** leis na gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Mura bhfuil eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) bunaithe san Aontas, cláróidh sé sa Bhallstát ina bhfuil a ionadaí dlíthiúil arna ainmniú nó arna hainmniú de bhun Airteagal 8 bunaithe nó, in éagmais áit bhunaíochta, ina bhfuil a sheoladh buan nó ina gcónaíonn ***sé nó sí*** de ghnáth. | 3. Mura bhfuil eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) bunaithe san Aontas, cláróidh sé sa Bhallstát ina bhfuil a ionadaí dlíthiúil arna ainmniú nó arna hainmniú de bhun Airteagal 8 bunaithe nó, in éagmais áit bhunaíochta, ag ***a*** bhfuil seoladh buan nó ar ***a*** bhfuil gnáthchónaí. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun críche clárúcháin, nach gceanglófar ar eintiteas ***ach*** an | 4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun críche clárúcháin, nach gceanglófar ar eintiteas an |

| | |
|---|---|
| fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur isteach. | fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur isteach. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***laistigh de thréimhse réasúnta ama,*** athruithe nó breisithe leis na sonraí arna soláthar de bhun Iarscríbhinn I, pointe 1, pointí (a), (b), (f)(i) agus (f)(ii); | (a) ***gan moill mhíchuí,*** athruithe nó breisithe leis na sonraí arna soláthar de bhun Iarscríbhinn I, pointe 1, pointí (a), (b), (f)(i) agus (f)(ii); |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 7 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an t-údarás sin an iarraidh a phróiseáil laistigh de 5 lá oibre agus bainfidh sé an t-eintiteas cláraithe den chlár náisiúnta má mheasann sé nach gcáilíonn an t-eintiteas a thuilleadh mar eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) nó***, de réir mar a bheidh,*** nár cheart é a chlárú a thuilleadh sa chlár a bhfuil sé freagrach as. Beidh cinneadh an údaráis atá freagrach as an gclár náisiúnta ábhartha faoi réir sásamh riaracháin agus breithiúnach i mBallstát an chlárúcháin. | Déanfaidh an t-údarás sin an iarraidh a phróiseáil laistigh de 5 lá oibre agus bainfidh sé an t-eintiteas cláraithe den chlár náisiúnta má mheasann sé nach gcáilíonn an t-eintiteas a thuilleadh mar eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) nó nár cheart é a chlárú a thuilleadh sa chlár a bhfuil sé freagrach as. Beidh cinneadh an údaráis atá freagrach as an gclár náisiúnta ábhartha faoi réir sásamh riaracháin agus breithiúnach i mBallstát an chlárúcháin. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh an t-údarás atá freagrach as clár náisiúnta as ar baineadh eintiteas an fhaisnéis faoin eintiteas dá dtagraítear i mír 4 ar feadh 4 bliana tar éis an t-eintiteas sin a bhaint den chlár de bhun mhír 7.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir clárú, tabhairt cothrom le dáta, iarrataí go mbainfear eintitis den chlár agus iarrataí de bhun Airteagal 12(3) a dhéanamh trí mhodhanna leictreonacha agus ***go mbeidh sé*** sin saor in aisce. | 8. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir clárú, tabhairt cothrom le dáta, iarrataí go mbainfear eintitis den chlár agus iarrataí de bhun Airteagal 12(3) a dhéanamh trí mhodhanna leictreonacha agus go mbeidh sé sin saor in aisce. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis na Conarthaí, bearta atá ann cheana agus a bhí i bhfeidhm roimh [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] a choimeád ina gcórais dlí, ar bearta iad ar i*** |

| | |
|---|---|
| | ***gcomhréir leo a cheanglaítear ar na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1) faisnéis a thíolacadh, chun críche clárúcháin, ar faisnéis í nach bhfuil sonraí pearsanta inti de bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, pointe 1, i gcás ina bhfuil gá leis na bearta sin agus ina bhfuil údar cuí leo de bharr chuspóirí leas an phobail agus ina bhfuil siad comhréireach sa mhéid go bhfuil siad oiriúnach chun baint amach na gcuspóirí atá á saothrú a áirithiú agus nach dtéann siad thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear chun críoch clárúcháin neamhiomlán nó ina bhfuil earráidí follasacha inti, iarrfaidh an t-údarás atá freagrach as an gclár náisiúnta ar an eintiteas an méid a chuir sé isteach a chomhlánú nó a cheartú. Laistigh de ***5*** lá oibre ó fhreagra a fháil ón eintiteas lena mbaineann, cuirfidh an t-údarás atá freagrach as an gclár náisiúnta iontráil chomhfhreagrach ina chlár náisiúnta, nó diúltóidh sé an iontráil sin a dhéanamh agus cuirfidh sé an t-eintiteas lena mbaineann ar an eolas faoin bhfáth a bhfuil an méid a chuir sé | 2. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear chun críoch clárúcháin neamhiomlán nó ina bhfuil earráidí follasacha inti, iarrfaidh an t-údarás atá freagrach as an gclár náisiúnta ar an eintiteas an méid a chuir sé isteach a chomhlánú nó a cheartú. Laistigh de ***5*** lá oibre ó fhreagra a fháil ón eintiteas lena mbaineann, cuirfidh an t-údarás atá freagrach as an gclár náisiúnta iontráil chomhfhreagrach ina chlár náisiúnta, nó diúltóidh sé an iontráil sin a dhéanamh agus cuirfidh sé an t-eintiteas lena mbaineann ar an eolas faoin bhfáth a bhfuil an méid a chuir sé |

| | |
|---|---|
| isteach fós neamhiomlán nó a bhfuil faisnéis atá mícheart go follasach ann. | isteach fós neamhiomlán nó a bhfuil faisnéis atá mícheart go follasach ann. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. A luaithe a chuirfear iontráil sa chlár náisiúnta, gheobhaidh an t-eintiteas cláraithe deimhniú clárúcháin ***láithreach*** agus laistigh de ***5*** lá oibre ar a dhéanaí ón údarás atá freagrach as an gclár náisiúnta ***agus*** eiseofar EIRN uathúil chuige, mar aon le cóip dhigiteach den fhaisnéis atá sa chlár náisiúnta. Beidh an EIRN san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn II. | 3. A luaithe a bheidh an iontráil sa chlár náisiúnta curtha i gcrích, gheobhaidh an t-eintiteas cláraithe deimhniú ar an gclárú ***gan moill mhíchuí*** agus laistigh de ***5*** lá oibre ar a dhéanaí ón údarás atá freagrach as an gclár náisiúnta. Eiseofar EIRN uathúil agus cóip dhigiteach den fhaisnéis atá sa chlár náisiúnta ***don eintiteas cláraithe***. Beidh EIRN san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn II. |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh an t-údarás atá freagrach as clár náisiúnta Bhallstát an chlárúcháin fógra faoi gach clárú nua do na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 15(1) de na Ballstáit a shonraítear sa chlárúchán de bhun Iarscríbhinn I, pointe 2(e) láithreach agus ar a dhéanaí laistigh de ***5*** lá oibre ó iontráil sa chlár náisiúnta. Déanfar an fógra sin freisin i gcás | 4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh an t-údarás atá freagrach as clár náisiúnta Bhallstát an chlárúcháin fógra faoi gach clárú nua do na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 15(1) de na Ballstáit a shonraítear sa chlárúchán de bhun Iarscríbhinn I, pointe 2(e) láithreach agus ar a dhéanaí laistigh de ***5*** lá oibre ó iontráil sa chlár náisiúnta. Déanfar an fógra sin freisin i gcás |

| | |
|---|---|
| ina ndéanfaidh eintiteas cláraithe, de bhun Airteagal 10(6), athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe 2(e) d'Iarscríbhinn I nó gcuirfidh sé breis faisnéise léi. Beidh ainm an eintitis chláraithe, a EIRN agus nasc chuig na cláir náisiúnta ina ndearnadh an clárú san fhógra. | ina ndéanfaidh eintiteas cláraithe, de bhun Airteagal 10(6), athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe 2(e) d'Iarscríbhinn I nó gcuirfidh sé breis faisnéise léi. Beidh ainm an eintitis chláraithe, a EIRN agus nasc chuig na cláir náisiúnta ina ndearnadh an clárú san fhógra. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Forálfaidh na Ballstáit go n-áireoidh na húdaráis atá freagrach as na cláir náisiúnta sa Bhallstát a fhaigheann an fógra dá dtagraítear i mír 4, sa chlár ábhartha, an fhaisnéis a leagtar síos san fhógra sin láithreach agus ar a dhéanaí laistigh de 5 lá oibre. Ní dhéanfar faisnéis faoin eintiteas cláraithe a phoibliú más rud é, i gclár náisiúnta ábhartha Bhallstát an chlárúcháin, go bhfuil an fhaisnéis sin ina cuspóir do ***mhaolú ar*** fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 12(3). | 5. Forálfaidh na Ballstáit go n-áireoidh na húdaráis atá freagrach as na cláir náisiúnta sa Bhallstát a fhaigheann an fógra dá dtagraítear i mír 4, sa chlár ábhartha, an fhaisnéis a leagtar síos san fhógra sin láithreach agus ar a dhéanaí laistigh de 5 lá oibre. Ní dhéanfar faisnéis faoin eintiteas cláraithe a phoibliú más rud é, i gclár náisiúnta ábhartha Bhallstát an chlárúcháin, go bhfuil an fhaisnéis sin ina cuspóir do ***dhíolúine ón*** bhfoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 12(3). |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. I gcás ina bhfuil faisnéis iontaofa ag údarás maoirseachta faoi neamhchomhlíonadh féideartha eintitis atá cláraithe i gclár a bhfuil dlínse aige ina leith | 9. I gcás ina bhfuil faisnéis iontaofa ag údarás maoirseachta faoi neamhchomhlíonadh féideartha eintitis atá cláraithe i gclár a bhfuil dlínse aige ina leith |

| | |
|---|---|
| de bhun Airteagal 15(3) maidir leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 10, amhail faisnéis mhíchruinn a sholáthar sa chlár, féadfaidh sé a iarraidh ar an eintiteas sin an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 7 a sholáthar a mhéid is gá chun an neamhchomhlíonadh féideartha a imscrúdú. | de bhun Airteagal 15(3) maidir leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 10, amhail faisnéis mhíchruinn a sholáthar sa chlár, féadfaidh sé a iarraidh ar an eintiteas sin an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal ***16*** a sholáthar a mhéid is gá chun an neamhchomhlíonadh féideartha a imscrúdú. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 10 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis faoi na nósanna imeachta um athbhreithniú breithiúnach atá ar fáil. | (c) faisnéis faoi na nósanna imeachta um athbhreithniú ***riaracháin nó*** athbhreithniú breithiúnach atá ar fáil. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Déanfaidh ***an*** t-eintiteas a ndéanfar an iarraidh ***chuige*** an fhaisnéis a iarrtar de bhun mhíreanna 8 agus 9 a sholáthar, laistigh de ***10*** lá oibre, ar bhealach iomlán cruinn. | 11. Déanfaidh eintiteas a ndéanfar an iarraidh ***chuige*** an fhaisnéis a iarrtar de bhun mhíreanna 8 agus 9 a sholáthar, laistigh de ***15*** lá oibre, ar bhealach iomlán cruinn. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 12. Beidh na hiarrataí dá dtagraítear i mír 8 agus i mír 9 faoi réir nósanna imeachta um athbhreithniú breithiúnach i mBallstát an údaráis maoirseachta a dhéanann an iarraidh. | 12. Beidh na hiarrataí dá dtagraítear i mír 8 agus i mír 9 faoi réir nósanna imeachta um athbhreithniú ***riaracháin nó*** athbhreithniú breithiúnach i mBallstát an údaráis maoirseachta a dhéanann an iarraidh. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faisnéis arna soláthar ag an eintiteas cláraithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I, pointe 1, pointí (a), (e), (f)(i), ***(f)(ii),*** (h), (i), (j) agus (k) agus pointe 2, pointí (a)(i), agus pointí (b) go (h); | (a) faisnéis arna soláthar ag an eintiteas cláraithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I, pointe 1, pointí (a), (e), (f)(i), (h), (i), (j) agus (k) agus pointe 2, pointí (a)(i), agus pointí (b) go (h); |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit ***go mbeidh siad ábalta*** iarratas a dhéanamh ar ***mhaolú*** ón bhfoilsiú dá dtagraítear i mír 1 trí iarraidh chuí-réasúnaithe. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta cinneadh lena gcuirfear teorainn le rochtain phoiblí go páirteach nó go hiomlán i gcás ina léireoidh an | 3. Áiritheoidh na Ballstáit ***go mbeidh sé de cheart*** ag na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1) iarratas a dhéanamh ar ***dhíolúine*** ón ***gceanglas*** maidir le foilsiú dá dtagraítear i mír 1 ***trí bhíthin*** iarraidh chuí-réasúnaithe. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta cinneadh lena gcuirfear teorainn le rochtain |

t-eintiteas iarrthach, agus imthosca an cháis aonair á gcur san áireamh, go bhfuil údar leis sin ar fhorais leasa dhlisteanaigh, lena n-áirítear riosca ***suntasach*** go nochtfaí duine aonair do shárú ar a gcearta bunúsacha mar gheall ar an bhfoilsiú, go háirithe mar a chosnaítear faoi Airteagal 1, Airteagal 2, Airteagal 3, Airteagal 4 nó Airteagal 6 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Seachas sin, déanfaidh an t-údarás maoirseachta cinneadh lena ndiúltófar an iarraidh.

phoiblí go páirteach nó go hiomlán i gcás ina léireoidh an t-eintiteas iarrthach, agus imthosca an cháis aonair á gcur san áireamh, go bhfuil údar leis sin ar fhorais leasa dhlisteanaigh, lena n-áirítear riosca go nochtfaí duine aonair do shárú ar chearta bunúsacha ***an duine aonair sin*** mar gheall ar an bhfoilsiú, go háirithe mar a chosnaítear faoi Airteagal 1, Airteagal 2, Airteagal 3, Airteagal 4 nó Airteagal 6 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Seachas sin, déanfaidh an t-údarás maoirseachta cinneadh lena ndiúltófar an iarraidh.

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an t-údarás maoirseachta inniúil an cinneadh díolúine a dheonú ón gceanglas an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a fhoilsiú, nó rochtain phoiblí a theorannú, go páirteach nó go hiomlán, a dhéanamh ex officio, nó, i gcás inarb infheidhme, arna iarraidh sin d'údarás maoirseachta Ballstáit eile, i gcás ina bhfuil cúis aige lena chreidiúint go bhfuil riosca ann go bhféadfadh an foilsiú duine aonair a nochtadh do shárú ar chearta bunúsacha an duine aonair sin agus go bhféadfadh teorannú páirteach nó iomlán na rochtana poiblí an riosca*** |

| | |
|---|---|
| | ***sin a dhíothú nó a laghdú.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh aon chinneadh a dhéanfar de bhun mhír 3 faoi réir sásamh breithiúnach i mBallstát an chlárúcháin. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aon nós imeachta athbhreithnithe, lena n-áirítear sásamh breithiúnach, laistigh de thréimhse réasúnta ama agus go ndéanfar cinneadh críochnaitheach go pras. | 4. Beidh aon chinneadh a dhéanfar de bhun mhíreanna 3 ***agus 3a*** faoi réir sásamh ***riaracháin agus*** breithiúnach i mBallstát an chlárúcháin. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aon nós imeachta athbhreithnithe, lena n-áirítear sásamh breithiúnach, laistigh de thréimhse réasúnta ama agus go ndéanfar cinneadh críochnaitheach go pras. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh cinneadh dá dtagraítear i mír 3 críochnaitheach, go léireofar leis an iontráil sa chlár náisiúnta lena mbaineann an cinneadh sin, de réir mar a bheidh, go bhfuil an rochtain phoiblí teoranta go páirteach nó go hiomlán. | 6. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh cinneadh dá dtagraítear i mír 3 ***agus 3a*** críochnaitheach, go léireofar leis an iontráil sa chlár náisiúnta lena mbaineann an cinneadh sin, de réir mar a bheidh, go bhfuil an rochtain phoiblí teoranta go páirteach nó go hiomlán. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ag tosú an 31 Márta [bliain i ndiaidh an spriocdháta trasuí], agus faoin 31 Márta gach bliain ina dhiaidh sin, foilseoidh gach Ballstát, agus tarchuirfidh sé chuig an gCoimisiún, tuarascáil a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na heintitis atá cláraithe ina gcláir náisiúnta. Ní bheidh sa tuarascáil sin ***ach*** an méid seo a leanas: | 1. Ag tosú an 31 Márta [bliain i ndiaidh an spriocdháta trasuí], agus faoin 31 Márta gach bliain ina dhiaidh sin, foilseoidh gach Ballstát, agus tarchuirfidh sé chuig an gCoimisiún, tuarascáil a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na heintitis atá cláraithe ina gcláir náisiúnta. Beidh an méid seo a leanas sa tuarascáil sin: |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sonraí comhiomlánaithe maidir leis na méideanna bliantúla in aghaidh an tríú tír sa bhliain airgeadais roimhe sin. ***Ba cheart*** na sonraí comhiomlánaithe sin a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar de bhun Iarscríbhinn I, pointe 2, pointí (b) agus (c); | (a) sonraí comhiomlánaithe maidir leis na méideanna bliantúla in aghaidh an tríú tír sa bhliain airgeadais roimhe sin. ***Beidh*** na sonraí comhiomlánaithe sin bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar de bhun Iarscríbhinn I, pointe 2, pointí (b) agus (c); |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sonraí comhiomlánaithe maidir leis na méideanna bliantúla in aghaidh na catagóire eagraíochta do gach tríú tír sa bhliain airgeadais roimhe sin. ***Ba*** | (b) sonraí comhiomlánaithe maidir leis na méideanna bliantúla in aghaidh na catagóire eagraíochta do gach tríú tír sa bhliain airgeadais roimhe sin. |

| | |
|---|---|
| ***cheart*** na sonraí comhiomlánaithe sin a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar de bhun Iarscríbhinn I, pointe 1, pointe (h) agus pointe 2, pointe (b) agus (c); | ***Beidh*** na sonraí comhiomlánaithe sin bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar de bhun Iarscríbhinn I, pointe 1, pointe (h) agus pointe 2, pointe (b) agus (c); |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) líon iomlán na ***n-eintiteas*** tríú tír is féidir a chur i leith tríú tír ar leith. ***Ba cheart*** na sonraí comhiomlánaithe sin a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar de bhun Iarscríbhinn I, pointe 2, pointe (b); | (c) líon iomlán na ***n-urraitheoirí*** tríú tír is féidir a chur i leith tríú tír ar leith. Beidh na sonraí comhiomlánaithe sin bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar de bhun Iarscríbhinn I, pointe 2, pointe (b); |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) anailís le haghaidh gach Ballstáit clárúcháin ar na gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar i mBallstáit seachas an Ballstát clárúcháin sin, bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar de bhun Iarscríbhinn I, pointe 2 (e).*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 1a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh gach Ballstát údarás aonair a cheapadh mar an t-údarás inniúil náisiúnta atá freagrach as na cláir náisiúnta agus as na cúraimí maoirseachta a dhéanamh de bhun na Treorach seo.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás ina n-ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás maoirseachta amháin, áiritheoidh sé go mbeidh cúraimí gach ceann de na húdaráis sin ***sainmhínithe*** go soiléir agus go gcomhoibreoidh siad go dlúth agus go héifeachtach agus iad ag feidhmiú a gcúraimí. Sainaithneoidh na Ballstáit an t-údarás maoirseachta ***a bhféadfar*** aon chumarsáid a sheoladh chuige lena tarchur chuig an údarás iomchuí laistigh den Bhallstát sin. | 5. I gcás ina n-ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás maoirseachta amháin, áiritheoidh sé go mbeidh cúraimí gach ceann de na húdaráis sin ***leagtha amach*** go soiléir ***ina dhlí náisiúnta*** agus go gcomhoibreoidh siad go dlúth agus go héifeachtach agus iad ag feidhmiú a gcúraimí. Sainaithneoidh na Ballstáit an t-údarás maoirseachta ***a bhféadfar*** aon chumarsáid a sheoladh chuige lena tarchur chuig an údarás iomchuí laistigh den Bhallstát sin. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh na Ballstáit ***go mbeidh an t-údarás maoirseachta*** neamhspleách i bhfeidhmiú ***a*** chuid feidhmeanna. ***Go sonrach, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas maidir leis an bhfoireann in údaráis mhaoirseachta ag gníomhú dóibh i bhfeidhmiú a gcumhachtaí de bhun na Treorach seo:*** | 6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na h***údaráis náisiúnta arna n-ainmniú de bhun mhír 1*** neamhspleách i bhfeidhmiú ***a*** bhfeidhmeanna. |
| ***(a) beidh siad ábalta a ndualgais a chomhlíonadh go neamhspleách, saor ó thionchar polaitiúil agus ó thionchar seachtrach eile, agus ní iarrfaidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ón rialtas ná ó aon eintiteas poiblí nó príobháideach eile;*** | |
| ***(b) staonfaidh siad ó aon ghníomhaíocht a dhéanamh nach luíonn le comhlíonadh a ndualgas agus le feidhmiú a gcumhachtaí faoin Treoir seo.*** | |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 6a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na nósanna imeachta chun comhlachtaí rialaithe na n-údarás maoirseachta a cheapadh trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus go ráthófar leo an leibhéal neamhspleáchais is gá.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas maidir leis an bhfoireann in údaráis mhaoirseachta ag gníomhú dóibh i bhfeidhmiú a gcumhachtaí de bhun na Treorach seo:*** |
| | ***(a) beidh siad ábalta a ndualgais a chomhlíonadh go neamhspleách, go neamhchlaonta agus go trédhearcach, saor ó thionchar polaitiúil agus ó thionchar seachtrach eile, agus ní iarrfaidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ón rialtas ná ó aon eintiteas poiblí nó príobháideach eile;*** |
| | ***(b) staonfaidh siad ó aon ghníomhaíocht a dhéanamh nach luíonn le comhlíonadh a ndualgas agus le feidhmiú a gcumhachtaí faoin Treoir seo.;*** |
| | ***(c) go mbeidh na scileanna, an t-eolas agus an saineolas is gá acu chun a gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach agus chun cinntí eolasacha a dhéanamh i gcomhréir le cuspóirí na Treorach seo, lena n-áirítear an saineolas chun rioscaí do chosaint na gceart bunúsach a bhrath agus chun aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe an riosca don tsaoirse tionóil agus comhlachais.*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na modhanna uile is gá ag na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú de bhun mhír 1 chun na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo a dhéanamh, lena n-áirítear acmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leordhóthanacha. | 7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na modhanna uile is gá ag na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú de bhun mhír 1 chun na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo a dhéanamh, lena n-áirítear***, de réir mar is infheidhme, rannchuidiú le hobair an ghrúpa chomhairligh de bhun Airteagal 19, lena n-áirítear*** acmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leordhóthanacha. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. I gcás ina gcoimeádann na Ballstáit ina gcórais dlí, i gcomhréir le hAirteagal 10(8a), bearta atá ann cheana ar i gcomhréir leo a cheanglaítear ar na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1) faisnéis a chur isteach, chun críche clárúcháin, sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I, áiritheoidh na Ballstáit sin go mbeidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla náisiúnta arna n-ainmniú de bhun mhír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis bhreise sin a iarraidh ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***eintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), a dhéanann seirbhísí ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha ina gcríoch agus atá cláraithe i mBallstát eile.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Áiritheoidh na Ballstáit, agus na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo á ndéanamh acu, go n-áiritheoidh na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú de bhun mhír 1 nach n-eascróidh aon iarmhairt dhíobhálach, amhail stiogmatú, díreach mar gheall gur eintiteas cláraithe é an t-eintiteas nó go raibh sé faoi réir iarraidh de bhun Airteagal 16(3). | 8. Áiritheoidh na Ballstáit, agus na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo á ndéanamh acu, ***go ngníomhóidh*** na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú de bhun mhír 1 ***ar bhealach neamh-idirdhealaitheach. Áiritheoidh na Ballstáit*** chomh maith nach n-eascróidh aon iarmhairt dhíobhálach, amhail stiogmatú, díreach mar gheall gur eintiteas cláraithe é an t-eintiteas nó go raibh sé faoi réir iarraidh de bhun Airteagal 16(3). |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Seachas i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(8) agus (9), ní féidir iarraidh a dhéanamh ach amháin sna cásanna seo a leanas agus ní mór í a theorannú do ***na taifid a choinnítear i gcomhréir le*** hAirteagal 7: | 3. Seachas i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(8) agus (9) ***agus Airteagal 15(7a),*** ní féidir iarraidh a dhéanamh ach amháin sna cásanna seo a leanas agus ní mór í a theorannú don ***fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3a den*** Airteagal ***seo***: |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) fuair an t-eintiteas cláraithe méid bliantúil os cionn EUR 1 000 000 le haghaidh ***eintiteas*** tríú tír amháin sa bhliain airgeadais roimhe sin; | (a) fuair an t-eintiteas cláraithe méid bliantúil os cionn EUR 1 000 000 le haghaidh ***urraitheoir*** tríú tír amháin sa bhliain airgeadais roimhe sin; |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| tá gníomhaíochtaí an ***eintitis*** tríú tír a bhfuil an t-eintiteas cláraithe ag gníomhú thar a cheann curtha i leith tríú tír a chaith, i gceann de na cúig bliana airgeadais roimhe sin, agus na ***heintitis*** tríú tír uile ar féidir a ngníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír sin á gcur san áireamh, méid bliantúil comhiomlán a sháraíonn ceachtar díobh seo a leanas: | tá gníomhaíochtaí an ***urraitheora*** tríú tír a bhfuil an t-urraitheoir cláraithe ag gníomhú thar a cheann curtha i leith tríú tír a chaith, i gceann de na cúig bliana airgeadais roimhe sin, agus na ***hurraitheoirí*** tríú tír uile ar féidir a ngníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír sin á gcur san áireamh, méid bliantúil comhiomlán a sháraíonn ceachtar díobh seo a leanas: |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Féadfaidh an t-údarás maoirseachta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo an fhaisnéis seo a leanas a*** |

| | |
|---|---|
| | ***iarraidh:*** |
| | ***(a) cóipeanna de na conarthaí leis an urraitheoir tríú tír a bhfuil gá leo chun tuiscint a fháil ar chineál agus ar chuspóir na gníomhaíochta ionadaíochta leasa, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na taifid ar mhodhanna agus ar mhéid aon luach saothair;*** |
| | ***(b) liosta de na hurraitheoirí tríú tír go léir ar chuir siad gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa i gcrích thar a gceann sa bhliain airgeadais roimhe sin;*** |
| | ***(c) liosta den mhéid bliantúil comhiomlánaithe a fuarthas i ndáil leis na gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 3(1) sa bhliain airgeadais roimhe sin in aghaidh an tríú tír.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Maidir le heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh siad na taifid ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3a den Airteagal seo ar feadh 4 bliana i ndiaidh deireadh a bheith leis an ngníomhaíocht ionadaíochta leasa i dtrácht.*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Maidir leis na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh taifid ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) de mhír 3a den Airteagal seo ar feadh 4 bliana.*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis faoi na nósanna imeachta um athbhreithniú breithiúnach atá ar fáil. | (c) faisnéis faoi na nósanna imeachta um athbhreithniú ***riaracháin nó*** athbhreithniú breithiúnach atá ar fáil. |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás ina measann údarás maoirseachta seachas údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin go bhfuil aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 3 comhlíonta, féadfaidh sé a iarraidh ar údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin taifid a choinnítear i gcomhréir le hAirteagal ***7*** a iarraidh ar an eintiteas cláraithe. | 5. I gcás ina measann údarás maoirseachta seachas údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin go bhfuil aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 3 comhlíonta, féadfaidh sé a iarraidh ar údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin taifid a choinnítear i gcomhréir leis an Airteagal ***seo*** a iarraidh ar an eintiteas cláraithe. |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ar iarraidh a fháil de bhun mhír 5 agus má mheasann sé go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 comhlíonta, déanfaidh údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin iarraidh i gcomhréir le mír 3 agus tarchuirfidh sé an fhaisnéis arna fáil chuig an údarás maoirseachta iarrthach. Má rinne údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin, laistigh den 12 mhí roimhe sin, iarraidh i gcomhréir le mír 3 lena gcumhdaítear an fhaisnéis chéanna ón eintiteas cláraithe céanna, ***tarchuirfidh sé*** an fhaisnéis chuig an údarás maoirseachta iarrthach gan iarraidh nua ***a dhéanamh***. | Ar iarraidh a fháil de bhun mhír 5 agus má mheasann sé go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 comhlíonta, déanfaidh údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin iarraidh i gcomhréir le mír 3 agus tarchuirfidh sé an fhaisnéis arna fáil chuig an údarás maoirseachta iarrthach. Má rinne údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin, laistigh den 12 mhí roimhe sin, iarraidh i gcomhréir le mír 3 lena gcumhdaítear an fhaisnéis chéanna ón eintiteas cláraithe céanna, ***tarchuirfidh sé*** an fhaisnéis chuig an údarás maoirseachta iarrthach gan iarraidh nua ***a dhéanamh***. |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Beidh na hiarrataí dá dtagraítear i mír 3 faoi réir nósanna imeachta um athbhreithniú breithiúnach i mBallstát an údaráis maoirseachta a dhéanann an iarraidh. | 8. Beidh na hiarrataí dá dtagraítear i mír 3 faoi réir nósanna imeachta um athbhreithniú ***riaracháin nó*** athbhreithniú breithiúnach i mBallstát an údaráis maoirseachta a dhéanann an iarraidh. |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh a n-údaráis mhaoirseachta i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta na mBallstát eile go léir ***de réir mar is gá.*** | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh a n-údaráis mhaoirseachta i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta na mBallstát eile go léir ***agus faisnéis ábhartha a mhalartú leo.*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tuairisc ar na fíorais ábhartha, forálacha ***ábhartha*** na Treorach seo agus ***na cúiseanna a gceapann an t-údarás a thugann fógra gur*** sáraíodh ***an Treoir seo;*** | (b) tuairisc ar na fíorais ábhartha, ar fhorálacha ***infheidhme*** na Treorach seo agus ar na forais ***a bhfuil amhras ann go ndearnadh*** sárú***.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás nach mbeidh faisnéis leordhóthanach ag údarás maoirseachta na príomhbhunaíochta chun gníomhú ar fhógra dá dtagraítear i mír 2, ***féadfaidh*** sé faisnéis bhreise a iarraidh ar an údarás inniúil a thug an fógra. | 5. I gcás nach mbeidh faisnéis leordhóthanach ag údarás maoirseachta na príomhbhunaíochta chun gníomhú ar fhógra dá dtagraítear i mír 2, ***déanfaidh*** sé faisnéis bhreise a iarraidh ar an údarás inniúil a thug an fógra. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an inniúlacht ag na húdaráis mhaoirseachta chun an fhaisnéis seo a leanas a iarraidh ar údaráis mhaoirseachta Ballstáit eile, i gcás inar gá an fhaisnéis sin chun an comhar trasteorann a fheidhmiú dá dtagraítear i mír 2:*** |
| | ***(a) faisnéis arna soláthar ag eintiteas cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 10(4);*** |
| | ***(b) aon anailísí arna ndéanamh ag údarás maoirseachta ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5b. Ar iarraidh ar fhaisnéis a fháil de bhun mhír 5a, áiritheoidh na Ballstáit go dtarchuirfidh údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin an fhaisnéis chuig an údarás maoirseachta iarrthach, mura rud é go gcinneann sé nach bhfuil ceanglais mhír 5a comhlíonta. I gcás den sórt sin,*** |

***tabharfaidh údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin míniú mionsonraithe don údarás maoirseachta iarrthach.***

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 5 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5c. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh údaráis mhaoirseachta don Choimisiún, arna iarraidh sin dó, ina mbeidh ráiteas ar chúiseanna, sonraí comhiomlána bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag eintitis chláraithe i gcomhréir le hAirteagal 10(4) chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear chun cruinnithe den ghrúpa comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 18 a ullmhú. Ní fhéadfaidh sonraí pearsanta a bheith sna sonraí comhiomlána sin más gá sin chun faireachán éifeachtach a áirithiú. I gcás inar féidir go teicniúil, tarchuirfear an fhaisnéis i bhformáid mheaisín-inléite.*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 5 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5d. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil de bhun mhíreanna 5a go 5c, feidhmeoidh na húdaráis mhaoirseachta mar rialaitheoirí de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679, agus feidhmeoidh an Coimisiún mar rialaitheoir de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil lena ngníomhaíochtaí próiseála sonraí féin.*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. An comhar riaracháin agus na malartuithe faisnéise idir na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 15(1), chomh maith leis na húdaráis mhaoirseachta agus an Coimisiún, de bhun mhíreanna 2, 4 ***agus 5***, Airteagal 11(4), Airteagal ***16(5) agus (6)*** agus Airteagal ***18*** den Treoir seo, cuirfear cur chun feidhme iad trí chóras IMI a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012. | 6. An comhar riaracháin agus na malartuithe faisnéise idir na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 15(1), chomh maith leis na húdaráis mhaoirseachta agus an Coimisiún, de bhun mhíreanna 2, 4***, 5, 5a, 5b, 5c,*** Airteagal 11(4), Airteagal ***12(3a)*** agus Airteagail ***16(5) agus (6)*** den Treoir seo, cuirfear cur chun feidhme iad trí chóras IMI a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 18*** | ***scriosta*** |

***Comhroinnt faisnéise trasteorann idir údaráis mhaoirseachta***

***1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an inniúlacht ag na húdaráis mhaoirseachta chun an fhaisnéis seo a leanas a iarraidh ar údaráis mhaoirseachta Ballstáit eile, i gcás inar gá an fhaisnéis sin chun comhar trasteorann a fheidhmiú dá dtagraítear in Airteagal 17(2):***

***(a) faisnéis arna soláthar ag eintiteas cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 10(4);***

***(b) aon anailísí arna ndéanamh ag údarás maoirseachta ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear i bpointe (a).***

***2. Ar iarraidh a fháil de bhun mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit go dtarchuirfidh údarás maoirseachta Bhallstát an chlárúcháin an fhaisnéis chuig an údarás maoirseachta iarrthach, mura rud é go measann sé nach bhfuil ceanglais mhír 1 comhlíonta, agus sa chás sin tabharfaidh sé freagra don údarás maoirseachta iarrthach ina míneofar na cúiseanna nár soláthraíodh an fhaisnéis i dtrácht.***

***3. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh na húdaráis mhaoirseachta don Choimisiún, arna iarraidh sin dó, sonraí comhiomlána bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag eintitis chláraithe i gcomhréir le hAirteagal 10(4) chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear***

***chun cruinnithe den ghrúpa comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 19 a ullmhú. Ní fhéadfaidh sonraí pearsanta a bheith sna sonraí comhiomlána sin ach amháin a mhéid is gá chun faireachán éifeachtach a áirithiú. I gcás inar féidir go teicniúil, tarchuirfear an fhaisnéis i bhformáid mheaisín-inléite.***

***4. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil de bhun mhíreanna 1 go 3, feidhmeoidh na húdaráis mhaoirseachta mar rialaitheoirí de réir bhrí Airteagal 4, pointe 7 de Rialachán (AE) 2016/679, agus feidhmeoidh an Coimisiún mar rialaitheoir de réir bhrí Airteagal 3, pointe 8 de Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil lena ngníomhaíochtaí próiseála sonraí féin.***

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) malartuithe agus comhroinnt faisnéise agus dea-chleachtas a éascú maidir le riachtanais shonracha micreafhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE; | (b) malartuithe agus comhroinnt faisnéise agus dea-chleachtas a éascú maidir le riachtanais shonracha ***eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus*** micreafhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE; |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 –mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) dea-chleachtais a shainaithint chun cearta bunúsacha a chosaint agus trédhearcacht a mhéadú;*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) aon éagsúlacht i gcur i bhfeidhm na Treorach seo a thuairisciú don Choimisiún; | (d) aon éagsúlachtaí i gcur i bhfeidhm na Treorach seo ***agus i gcur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 10(8a)*** a thuairisciú don Choimisiún; |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 2a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Arna iarraidh sin don Choimisiún nó do cheann amháin ar a laghad de na húdaráis lena mbaineann, déanfaidh an grúpa comhairleach tuairimí a tharraingt suas maidir le bearta náisiúnta ar dócha go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh ionadaíocht leasa, go háirithe na bearta sin arna nglacadh ag na húdaráis náisiúnta i ndáil*** |

***le hAirteagal 9(3), Airteagal 10(8a), Airteagal 12(3), Airteagal 15(1), (2), (6) agus (8), agus Airteagal 16(6) den Treoir seo.***

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Féadfaidh an Coimisiún an grúpa comhairleach a thionól arna iarraidh sin do Bhallstát maidir le neamhchomhlíonadh tromchúiseach féideartha na Treorach seo.*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfar a iarraidh ar ionadaithe de chuid Pharlaimint na hEorpa, ***nó*** de chuid Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar páirtithe conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[17] iad, freastal ar chruinnithe an ghrúpa chomhairligh mar bhreathnóirí. | 4. ***Tabharfar cuireadh*** d'ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa ***freastal ar chruinnithe an ghrúpa chomhairligh mar bhreathnóirí.*** Féadfar a iarraidh ar ***ionadaithe*** de chuid Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar páirtithe conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad, freastal ar chruinnithe an ghrúpa chomhairligh mar bhreathnóirí. ***Féadfaidh an grúpa comhairleach cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta freastal ar na cruinnithe uair sa bhliain ar a*** |

***laghad mar chuid d'idirphlé oscailte struchtúrtha maidir le cur chun feidhme na Treorach seo.***

---

[17] Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj).

[17] Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj).

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le ***smachtbhannaí, a bheidh teoranta d'***fhíneálacha riaracháin, i leith sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh chun Airteagal 6***, Airteagal 7***, Airteagal 8, Airteagal 10, Airteagal 11, Airteagal 14, Airteagal 16 agus Airteagal 20 ***a thrasuí*** ag eintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1) nó, i gcás inarb iomchuí, ag a n-ionadaí dlíthiúil. ***Comhlíonfaidh na rialacha sin mír 2 go mír 6.*** | Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le fíneálacha riaracháin a bheidh ***infheidhme do*** sháruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh ***de bhun*** Airteagal 6, Airteagal 8, Airteagal 10, Airteagal 11, Airteagal 14, Airteagal 16, agus Airteagal 20 ***den Treoir seo*** ag eintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1) nó, i gcás inarb iomchuí, ag a n-ionadaí dlíthiúil. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás sárú tromchúiseach nó sáruithe leantacha nó athfhillteacha ar fhorálacha*** |

***náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 6, Airteagal 8, Airteagal 10, Airteagal 11, Airteagal 14, Airteagal 15(7a), Airteagal 16 agus Airteagal 20 den Treoir seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh clárú eintitis a chur ar fionraí go sealadach nó a tharraingt siar.***

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is ***é uasmhéid an smachtbhanna airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a fhéadfar a fhorchur, i gcás gnóthas, 1 %*** den ***láimhdeachas domhanda bliantúil an bhliain airgeadais roimhe sin, i gcás eintitis dhlíthiúla eile, 1 % de bhuiséad bliantúil*** an eintitis ***i gcomhréir leis an mbliain airgeadais is déanaí a dúnadh agus i gcás daoine nádúrtha, EUR 1 000.*** | 2. Beidh ***na smachtbhannaí éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Agus a gcineál agus a leibhéal iomchuí á gcinneadh, tabharfar aird chuí ar chineál, ar atarlú agus ar fhad an tsáraithe lena mbaineann na bearta sin, agus aon chomhoibriú leis na húdaráis náisiúnta inniúla chun aghaidh a thabhairt ar an sárú lena mbaineann chomh maith le, i gcás inarb ábhartha, hacmhainneacht eacnamaíoch, theicniúil agus oibríochtúil*** an eintitis ***dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a rinne an sárú.*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***I ngach cás ar leith,*** beidh ***na*** smachtbhannaí éifeachtach, | 3. ***Sula bhforchuirfidh*** sé smachtbhannaí, ***eiseoidh an t-*** |

***comhréireach agus athchomhairleach, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chineál, ar atarlú agus ar fhad an*** tsáraithe ***lena mbaineann na bearta sin, chomh maith le, i gcás inarb ábhartha, hacmhainneacht eacnamaíoch, theicniúil agus oibríochtúil an eintitis dá dtagraítear in*** Airteagal ***3(1) a rinne an sárú.***

***údarás maoirseachta rabhadh nó iomardú chuig an eintiteas lena mbaineann*** á rá ***gur dócha go sáróidh sé forálacha na Treorach seo nó go mbeidh forálacha na Treorach seo sáraithe aige, seachas i gcás ina mbeidh an sárú sin ina shárú ar Airteagal 20.***

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 22 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Sula bhforchuirfidh sé smachtbhannaí, eiseoidh an t-údarás maoirseachta rabhadh nó iomardú chuig an eintiteas lena mbaineann á rá gur dócha go sáróidh sé forálacha na Treorach seo nó go mbeidh forálacha na Treorach seo sáraithe aige, seachas i gcás ina mbeidh sárú den sórt sin ina shárú ar Airteagal 20.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 23 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tugtar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(9), Airteagal 13(3) agus Airteagal 16(9) a thabhairt don Choimisiún go ***ceann tréimhse neamhchinntithe*** | 2. Tugtar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 9a(4),*** Airteagal 10(9), Airteagal 13(3) agus Airteagal 16(9) a thabhairt don Choimisiún go ceann ***5 bliana*** amhail ón |

| | |
|---|---|
| amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach]. | [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach]. ***Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5-bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 23 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach ***an 13 Aibreán 2016*** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. | 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach ***an 13 Aibreán 2016*** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 23 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra maidir leis | 5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint |

| | |
|---|---|
| ***an*** n***gníomh sin*** do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna. | na hEorpa agus don Chomhairle ***ina leith*** an tráth céanna. |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 23 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10(9), Airteagal 13(3) agus Airteagal 16(9) i bhfeidhm ach i gcás nach mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***2*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10(9), Airteagal 13(3) agus Airteagal 16(9) i bhfeidhm ach i gcás nach mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***3*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. in Airteagal 2(1), cuirtear isteach pointe (a) an pointe ***(xi) nua*** seo a leanas: | 1. in Airteagal 2(1), pointe (a), cuirtear an pointe seo a leanas leis: |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. san Iarscríbhinn, i gCuid I, cuirtear an pointe ***(K) nua*** seo a leanas léi: | 2. san Iarscríbhinn, i gCuid I, cuirtear an pointe seo a leanas léi: |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an meastóireacht sin, déanfar measúnú ar éifeachtacht agus ar chomhréireacht na Treorach. Déanfar measúnú leis, i measc nithe eile, ar an ngá athruithe a dhéanamh ar raon feidhme agus ar éifeachtacht na gcoimircí dá bhforáiltear sa Treoir. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh tograí reachtacha ábhartha a bheith ag gabháil leis. | Leis an meastóireacht sin, déanfar measúnú ar éifeachtacht agus ar chomhréireacht na Treorach. Déanfar measúnú leis, i measc nithe eile***:*** |
| | ***(a)*** an gá atá le hathruithe ar raon feidhme agus ar éifeachtacht na gcoimircí dá bhforáiltear sa Treoir***, go háirithe na coimircí maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus aon chineál stiogmataithe a chosc i gcomhthéacs a trasuite agus a cur chun feidhme;*** |
| | ***(b) an idirghníomhaíocht idir forálacha na Treorach seo agus na forálacha sin a bhaineann leis na hoibleagáidí trédhearcachta náisiúnta, lena n-áirítear an tionchar ar chláir náisiúnta atá ann cheana;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(c) na forálacha frith-imchéimniúcháin agus éifeachtacht na sásraí comhair trasteorann.*** <br><br> Féadfaidh tograí reachtacha ábhartha a bheith ag gabháil leis ***an meastóireacht,*** i gcás inarb iomchuí. |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin [ocht mí dhéag ***tar éis*** don Treoir seo a theacht i bhfeidhm] ar a dhéanaí. ***Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl*** don Choimisiún ***láithreach.*** | Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoi [ocht mí dhéag ***ó dháta*** theacht i bhfeidhm ***na Treorach se***o] ar a dhéanaí. ***Cuirfidh siad*** an Coimisiún ***ar an eolas faoin méid sin láithreach.*** |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit ***na forálacha*** sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. ***Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le*** tagairt den sórt sin ***a dhéanamh.*** | Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit ***na beart***a sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó ***beidh*** tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. ***Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos na modhanna le*** tagairt den sórt sin ***a dhéanamh.*** |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 2 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach ceann de na ***heintitis*** tríú tír a ndéanann an t-eintiteas an ghníomhaíocht ionadaíochta leasa thar a gceann; | (a) an fhaisnéis seo a leanas maidir le h***urraitheoirí*** tríú tír a dhéanann an t-eintiteas an ghníomhaíocht ionadaíochta leasa thar a cheann; |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) an seoladh ag a seolann ***an t-eintiteas*** tríú tír gnó nó, i gcás daoine nádúrtha, an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí orthu; | (ii) an seoladh ag a seolann an ***t-urraitheoir*** tríú tír gnó nó, i gcás daoine nádúrtha, an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí orthu; |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe 2 – pointe a – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(iii) tuairisc ar phríomhspriocanna, sainchúram agus réimse spéise an eintitis;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) i gcás ina mbeidh sé ar fáil, uimhir chlárúcháin an ***eintitis*** tríú tír i gclár gnó nó cód aitheantais inchomparáide; | (iv) i gcás ina mbeidh sé ar fáil, uimhir chlárúcháin an ***urraitheora*** tríú tír i gclár gnó nó cód aitheantais inchomparáide; |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an tríú tír a bhfuil ***an t-eintiteas*** tríú tír ag gníomhú thar a ceann; | (b) an tríú tír a bhfuil an ***t-urraitheoir*** tríú tír ag gníomhú thar a ceann; |